# Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh

# Tuarascáil Bhliantuil 2014

**Turascáil ón bPriomhoifigeach Achomhairc ar obair Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh i 2014**

OIFIG na nACHOMHARC LEASA SHÓISIALAIGH

SOCIAL WELFARE APPEALS OFFICE

Joan Burton, T.D.,
Tánaiste agus Aire Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Baile Átha Cliath 1

Márta 2015

A Thánaiste, a chara,

De réir fhorálacha alt 308 (1) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, cuirim i láthair leis seo tuarascáil ar ghníomhaíochtaí Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh maidir leis an mbliain dar críoch an 31ú Nollaig 2014.

Geraldine Gleeson

Is mise, le meas,
Geraldine Gleeson
Príomhoifigeach Achomhairc

OIFIG na nACHOMHARC LEASA SHÓISIALAIGH
TEACH D'OLIER, SRÁID D'OLIER, BÁC 2
FÓN: ÍOSGHLAO 1890 74 74 34

SOCIAL WELFARE APPEALS OFFICE
D'OLIER HOUSE, D'OLIER STREET, DUBLIN 2. TELEPHONE:
LOCALL 1890 74 74 34

www.socialwelfareappeals.ie r-phost: swappeals@welfare.ie facs: (01) 671 8391

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| Treochtaí Staitistiúla | 6 |
| Achomhairc Leasa Shóisialaigh - Cairt Sreafa Oibre | 9 |
| Tábla 1 – Achomhairc a fuarthas/a tugadh chun críche in 2014 | 10 |
| Tábla 2 – Achomhairc a fuarthas 2008-2014 | 11 |
| Tábla 3 – Torthaí achomhairc de réir catagóire i 2014 | 12 |
| Tábla 4 – Achomhairc ar láimh ag 31ú Nollaig 2008-2014 | 14 |
| Tábla 5 – Staitisticí Achomhairc 1993-2014 | 15 |
| Tábla 6 – Achair próiseála achomhairc de réir scéime i 2014 | 16 |
| Tábla 7 – Achomhairc gan réiteach ag 31ú Nollaig 2014 | 17 |
| Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh i 2014 | 18 |
| Imeachtaí Cúirte | 20 |
| Cruinnithe agus Comhairliúcháin | 22 |
| Cúrsaí Eagraíochtúla agus Oibríochtúla | 24 |
| Cás-staidéir | 25 |
| Aguisín 1 - Cairt Eagraíochtúil | 62 |



**Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh**
**Teach D'Olier**
**Sráid D'Olier**
**Baile Átha Cliath 2**

**Guthán: Íosghlao: 1890 74 74 34**
**Facs: (01) 671 8391**
**Ríomhphost: swappeals@welfare.ie**
**www.socialwelfareappeals.ie**

## Réamhrá

Seo mo thuarascáil deiridh leis an Aire Coimirce Sóisialaí mar gheall go bhfuilim le dul ar scor i mí Márta 2015. Cuireadh tús le mo thionacht i mí Eanáir 2010, a thit amach i gcomhthráth le tosach ar roinnt blianta dúshlánacha d’Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh. Le linn na tréimhse seo, tháinig méadú suntasach ar líon na n-achomharc a fuarthas agus shroich siad uas-mhéid de 35,484 i 2012, ar méadú suntasach é seo ar an meánlíon stairiúil, roimhe sin,de 15,000 achomharc sa mbliain. Ba leir gurbh é seo an dúshlán ba mhó agus ba mharthanaí a thit ar an oifig seo ó bunaíodh í agus d’imir sé tionchar diúltach ar an achar ama a ghlac sé chun na hachomhairc a phróiseáil.

Glacadh le roinnt beart chun dul i ngleic leis na moilleanna a raibh achomharcóirí thíos leo, lena n-áirítear breis oifigigh achomhairc a cheapadh, ollchóiirú a dhéanamh ar an gcóras oibriúcháin faoina sanntar achomhairc agus faoina ndéantar cinneadh orthu laistigh den oifig, teicneolaíocht nua chun tacú le hoifigigh achomhairc agus obair leis an Roinn chun laghdú ar na moilleanna a bhain le freagairt d’iarratais ó m’oifig ar aighneachtaí achomhairc .

D’eascair feabhas an-suntasach ar achair próiseála agus ar riaráistí as an gclár athraithe agus infheistíochta seo i gcaitheamh 2013 agus 2014. B’ionann agus 24.2 seachtain an meánachar a ghlac sé chun achomharc a thabhairt chun críche in 2014. Cuirtear seo i gcomparáid le 28 seachtain i 2010, 32.5 seachtain i 2011, 33.1 seachtain i 2012 agus 29 seachtain i 2013. Ba é 28.6 seachtain, ar laghdú 24 seachtain é seo ón meánam 52.5 seachtain in 2011, an meánam a ghlac sé chun achomharc a phróiseáil le héisteacht ó bhéal. Go deimhin féin, sna trí mhí dheireanacha de 2014, tháinig laghdú breise ar an am sin anuas go dtí 26 seachtain. Anuas air sin, tháinig laghdú suntasach ar líon na n-achomharc a bhí idir lámha ag deireadh 2014 anuas chuig 9,628, an líon ba lú ó bhí 2008 ann. Léiríonn seo laghdú 35% ar an bhfigiúr comhfhreagrach i 2013 (14,770) agus laghdú 55% ar an staid ag deireadh 2012 (20,414).

Cé go mbaineann fíorthábhacht leis an luas ar a ndéantar cinneadh ar achomhairc i measc achomharcóirí, baineann an fíorthábhacht chéanna le ceist na cáilíochta agus na comhsheasmhachta i ndéanamh cinntí. Sonraítear i gcorp na tuarascála seo ár n-obair leanúnach agus ár ndíriú ar an ngné cháilíochta agus chomhsheasmhachta seo i rith na bliana. D’fhoilsíomar 24 cás-staidéar i mbliana agus tá súil agam go léiríonn said seo ní hamháin ardchaighdeán an módh cinnteoireachta, ach freisin an meas a léirítear do gach achomharc mar aon leis an tuiscint agus an léargas a bhaineann Oifigigh Achomhairc amach ó éisteacht le hachomharcóirí. Léiríonn cuid de na cásanna atá faoi chaibidil an fíor-shochar a bhaineann le héisteacht ó bhéal, sa chás go bhféadfadh tionchar míchumais bheith an-soiléir nuair a

chastar leis an duine go pearsanta, ach nach mbíonn sé chomh soiléir céanna nuair a dhéantar athbhreithniú ar pháipéir an éilimh.  Is ar an gcúis seo gurb é beartas na hoifige seo éisteacht ó bhéal a cheadú nuair a iarrtar í agus léireofar an beartas seo go soiléir inár litríocht i 2015.

Ba mhian liom aitheantas ó chroí a thabhairt don chabhair agus don tacaíocht a thug Ard-Rúnaí agus Leas-Ard-Rúnaí na Roinne dom, ní hamháin i dtaobh na n-acmhainní breise  a riaradh ar an oifig seo le roinnt blianta anuas, ach freisin i dtaobh a dtiomantais chun aiseolas a fháil ón oifig seo agus gníomhú i leith an aiseolais sin, ag féachaint le feabhas a chur ar an gcóras cinnteoireacha ar an gcéad ásc.

Ba mhian liom aitheantas ar leith a thabhairt don tacaíocht a thug na hOifigigh Achomhairc agus foireann na hoifige dom le cúig bliana anuas, mar aon leis an atrua, tiomantas agus dúthracht a bhíonn le sonrú go smior ina gcur chuige i leith a gcuid oibre.
Guím gach rath ar an oifig amach anseo.



Geraldine Gleeson

Príomhoifigeach Achomhairc

Márta 2015

## Treochtaí Staitistiúla – 2014

**Leagtar amach thíos ár bpríomhshonraí staitistiúla don bhliain 2014 i bhfoirm thráchtaireachta agus sa "Chairt Sreafa Oibre" agus sna táblaí a leanann sin.**

## Achomhairc a Fuarthas sa mbliain 2014

I 2014, fuair an Oifig 26,069 achomharc. Cé gurb ionann seo agus laghdú 6,708 i gcomparáid leis na 32,777 achomharc a fuarthas i 2013, tá sé i bhfad níos airde ná an líon achomharc a bhí á fháil roimh 2009.

Baineann an chuid is mó den laghdú seo le hachomhairc sna scéimeanna breoiteachta, míchumais agus cúraim. Tháinig laghdú 24.9% ar achomhairc a bhain leis an Liúntas Cúramóra; 18.8% ar an Liúntas Míchumais; 42.9% ar Phinsin Easláinte; 30.3% ar Shochar Breoiteachta; agus 22.9% ar Liúntas Cúram Baile. Féach leathanach 18 chun teacht ar an gcúlra atá leis an laghdú seo.

Tháinig laghdú 29.3% ar an líon achomhairc Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) i gcomparáid le 2013.

## Soiléirithe i 2014

Le cois na 26,069 achomharc a cláraíodh sa bhliain 2014, fuaireamar 3,934 achomharc eile, chomh maith, mar ar dhealraigh sé dúinn go mb'fhéidir nár thuig an t-achomharcóir go hiomlán an chúis leis an gcinneadh diúltach. Sna cásanna sin, atreoraíodh an litir achomhairc chuig rannóg cuí scéime na Roinne ag iarraidh go soiléireofaí an cinneadh don achomharcóir. Chuireamar é sin in iúl don achomharcóir agus dúirt leo má bhí siad fós míshásta leis an gcinneadh tar éis shoiléiriú na Roinne a fháil, go bhféadfaidís é a achomharc ansin le m'Oifig.

I gcaitheamh 2014, níor cláraíodh mar achomhairc fhoirmiúla ina dhiaidh sin ach 812 (21.0%) de na 3,934 cás a aithníodh i dtús báire mar chásanna ina raibh soiléiriú de dhíth.   Meastar gur slí an-phraiticiúil é sin chun déileáil le hachomhairc mar sin chun nach n-agrófaí an próiseas iomlán achomhairc gan chúis.

## Ualach Oibre in 2014

Deimhníodh an t-ualach oibre de 40,839 achomharc i 2014 trí na 26,069 achomharc a fuarthas agus na 14,770 achomharc a bhí idir lámha ag tús na bliana a shuimiú le chéile.

## Achomhairc a Tugadh chun Críche i 2014

Thugamar 31,211 achomharc chun críche i 2014.

Seo a leanas miondealú ar na hachomhairc a tugadh chun críche:

- Oifigigh Achomhairc (77.2%): Tugadh 24,081 achomharc chun críche ag Oifigigh Achomhairc go hachomair nó tar éis éisteacht ó bhéal (ba é 28,062 nó 73%an figiúr comhfhreagrach i 2013),
- Cinntí Athbhreithnithe (17.0%): Tugadh 5,306 achomharc chun críche mar thoradh ar chinntí athbhreithnithe i bhfabhar an achomharcóra a rinne Oifigigh Bhreithiúnachta sular cuireadh ar aghaidh na hachomhairc chuig Oifigeach Achomhairc (8,062 nó 21% sa mbliain 2013), agus
- Aistarraingthe (5.8%): Aistarraingíodh 1,824 achomharc nó níor lean an t-achomharcóir leo ar chúis éigin eile (2,297 nó 6% sa mbliain 2013).

## Torthaí Achomhairc i 2014

Seo a leanas miondealú ar thorthaí na 31,211 achomharc a tugadh chun críche i 2014:

- Fabhrach (56.5%): Bhí toradh fabhrach don achomharcóir ar 17,636 de na hachomhairc a tugadh chun críche sa mhéid is gur ceadaíodh iad go hiomlán nó go páirteach nó réitíodh iad le cinneadh athbhreithnithe ag Oifigeach Breithiúnachta i bhfabhar an achomharcóra (55% sa bhliain 2013),
- Neamhfhabhrach (37.7%): Dícheadaíodh 11,751 de na hachomhairc a tugadh chun críche (39% sa bhliain 2013), agus
- Aistarraingthe (5.8%): Faoi mar a luaitear thuas, aistarraingíodh 1,824 achomharc de na hachomhairc a tugadh chun críche nó níor lean an t-achomharcóir leo ar chúis éigin eile (6% sa bhliain 2013).

## Cinntí a rinne Oifigigh Achomhairc i 2014

Seo a leanas miondealú staitistiúil ar thorthaí na cinntí a rinne Oifigigh Achomhairc de réir mar a réitíodh an t-achomharc go hachomair nó le héisteacht ó bhéal.

- Éisteachtaí ó Bhéal (31.2%): Réitíodh 7,523 de na 24,081 achomharc a tugadh chun críche sa mbliain 2014 le héisteacht ó bhéal, a raibh toradh fabhrach ar 4,868 (64.7%) díobh. Sa mbliain 2013, bhí toradh fabhrach ar 60.1% de na 7,598 cás ar socraíodh iad le héisteacht ó bhéal.
- Cinntí Achomair (68.8%): Réitíodh 16,558 achomharc de na hachomhairc a tugadh chun críche le cinneadh achomair, a raibh toradh fabhrach ar 7,462 (45.1%) díobh. I 2013, bhí toradh fabhrach ar 41.6% de na hachomhairc a tugadh chun críche le cinneadh achomair.

## Achair Próiseála i 2014

I rith 2014, ba é an meánachar a ghlac sé chun gach achomharc a phróiseáil ná 24.2 seachtain (29.0 seachtain i 2013).

Mar chuid den mheán 24.2 seachtain ar an iomlán,

- Bhain 13.4 seachtain le hobair idir lámha sa Roinn (18.4 seachtain i 2013)
- Bhain 0.4 seachtain le freagraí a rabhthas ag fanacht leo ó achomharcóirí (0.5 seachtain i 2013)
- Bhain10.5 seachtain le próisis leanúnacha laistigh d'Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh (10.1 seachtain i 2013).

Tugtar faoi deara go gcuirtear san áireamh leis na meánseachtainí sa RCS cásanna a d'atreoraigh an RCS ar ais chuig na custaiméirí chun breis faisnéise/soiléiriú a fháil (seachas bheith ag fanacht le gníomhú sa RCS). Níl miondealú ar fáil air seo ar mhaithe le cuspóirí na tuarascála seo.

Nuair a mhiondealaítear na figiúirí seo de réir chineál an phróisis, ba é 21.1 seachtain an meánam feithimh sa bliain 2014 (25.8 seachtain sa mbliain 2013) i gcás achomharc ar déileáladh leis le cinneadh achomair, agus ba é 28.6 seachtain (33.9 seachtain sa mbliain 2013) an meánam chun éisteacht ó bhéal a phróiseáil. Leagtar amach an meánachar feithimh de réir scéime agus chineál an phróisis i dTábla 6.

Léiríonn an t-achar a thógann sé chun achomhairc a thabhairt chun críche gach

gné den phróiseas achomhairc, lena n-áirítear:

- aighneacht a lorg ón Roinn maidir le forais an achomhairc
- tuilleadh measúnachtaí leighis a dhéanann an Roinn i gcásanna áirithe breoiteachta
- fiosrú breise ag Cigirí Leasa Shóisialaigh nuair is gá sin, agus
- na socraithe a ghabhann le héisteachtaí achomhairc ó bhéal a shocrú nuair is cuí sin.

## Achomhairc de réir Inscne in 2014

Léirigh miondealú inscne ar na hachomhairc a fuarthas sa mbliain 2014 gur tháinig 44.6% díobh ó fhir agus 55.4% ó mhná. Ba é an miondealú comhfhreagrach don bhliain 2013 ná 45.5% agus 54.5% faoi seach. Ó thaobh torthaí fabhracha de sa mbliain 2014, thairbhigh 55.7% d'fhir agus 58.2% de mhná.

## Táblaí staitistiúla:

Tábla 1: Achomhairc a fuarthas agus a tugadh chun críche sa mbliain 2014

Tábla 2: Achomhairc a fuarthas 2008-2014

Tábla 3: Torthaí achomhairc de réir catagóire i 2014

Tábla 4: Achomhairc idir lámha ag 31ú Nollaig 2008-2014

Tábla 5: Staitisticí achomhairc 1993-2014

Tábla 6: Achair próiseála achomhairc de réir scéime i 2014

Tábla 7: Achomhairc gan réiteach ag 31 Nollaig 2014

## Achomhairc LS - Cairt Sreafa Oibre 2014
## (Tá na figiúirí comhfhreagracha don bhliain 2013 idir lúibíní)

**Idir Lámha 1.1.2014**
14,770
(20,414)

móide

**Faighte**
26,069
(32,777)

lúide

**Críochnaithe**
31,211
(38,421)

cothrom le

**Idir Lámha 1.1.2015**
9,628
(14,770)

**Treochtaí**

ALS
Laghdú 29.3%

Pinsean Easláinte
Laghdú 42.9%

Liúntas Cúram Baile
Laghdú 22.9%

Liúntas Míchumais
Laghdú 18.8%

Liúntas Cuardaitheora Poist (Íocaíochtaí)
Laghdú 1.3%

Sochar Breoiteachta
Laghdú 30.3%

Liúntas Cúramóra
Anuas 24.9%

Liúntas Cuardaitheora (Maoin)
Laghdú 9.4%

Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh
Méadú 3.1%

**Cinntí Leasaithe**
5,306 17.0%)
[8,062 (21.0%) ]

**Cinntí OA**
24,081 (77.2%)
[28,062 (73.0% ]

**Aistarraingthe**
1,824 (5.8%)
[2,297 (6.0%) ]

**Éisteachtaí ó Bhéal**
7,523 (31.2%)
[7,598 (27.1%) ]

**Achomair**
16,558 (68.8%)
[20,464 (72.9%) ]

**Fabhrach**
4,868 (64.7%)
[4,568 (60.1%) ]

**Neamhfhabhrach**
2,655 (35.3%)
[3,030 (39.9%) ]

**Fabhrach**
7,462 (45.1%)
[8,509 (41.6%) ]

**Neamhfhabhrach**
9,096 (54.9%)
[11,955 (58.4%) ]

**Torthaí san Iomlán**
31,211
(38,421)

=

**Fabhrach**
17,636 (56.5%)
[21,139 (55%)]

+

**Neamhfhabhrach**
11,751 (37.7%)
[14,985 (39%)]

+

**Aistarraingthe**
1,824 (5.8%)
[2,297 (6%) ]

# Tábla 1: Achomhairc a fuarthas agus a tugadh chun críche sa bhliain 2014

| | Idir lámha 01 Ean -14 | Faighte | Cinnte | Cinneadh Athmheasta | Aistarraingthe | Idir lámha 31-Nol-14 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **PINSIN** | | - | - | - | - | |
| Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | 143 | 323 | 249 | 64 | 19 | 134 |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) | 74 | 205 | 153 | 22 | 7 | 97 |
| Pinsean Stáit (Aistriú) | 26 | 13 | 24 | 4 | 2 | 9 |
| Pinsean Baintrí, Baintreach Fir (Ranníocach) | 25 | 49 | 54 | 4 | 1 | 15 |
| Sochar Báis | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Deontas Méala | 40 | 63 | 73 | 12 | 1 | 17 |
| **IOMLÁN NA bPINSEAN** | **308** | **654** | **553** | **106** | **30** | **273** |
| **FORDHEONTAIS IONCAIM & TACAÍOCHTAÍ FOSTAÍOCHTA IN AOIS OIBRE** | | - | - | - | - | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 1,180 | 2,610 | 2,354 | 395 | 229 | 812 |
| Liúntas Cuardaitheora Poist (Maoin) | 1,453 | 2,648 | 2,323 | 454 | 295 | 1,029 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 411 | 573 | 439 | 173 | 141 | 231 |
| Pinsean Baintrí, Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach) | 16 | 24 | 18 | 8 | 5 | 9 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 1 | 2 | 1 | 1 | 0 | 1 |
| Liúntas Leasa Foirlíontach | 1,221 | 2,889 | 2,476 | 462 | 295 | 877 |
| Cúnamh Feirme | 176 | 214 | 200 | 46 | 42 | 102 |
| Liúntas Réamhscoir | 1 | 3 | 1 | 1 | 0 | 2 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 391 | 845 | 737 | 173 | 83 | 243 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 3 | 7 | 3 | 0 | 2 | 5 |
| Sochar Máithreachais | 14 | 19 | 21 | 6 | 0 | 6 |
| Sochar Uchtála | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Cúramaí Baile | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Sochair Cóireála | 2 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 |
| Sochar Páirt-Cumais | 81 | 33 | 68 | 17 | 8 | 21 |
| **IOMLÁN NA bhFORDHEONTAS IONCAM & TACAÍOCHTAÍ FOSTAÍOCHTA IN AOIS OIBRE** | **4,951** | **9,868** | **8,644** | **1,736** | **1,100** | **3,339** |
| **BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ** | | | | | | |
| Liúntas Míchumais | 3,121 | 5,554 | 5,970 | 671 | 90 | 1,944 |
| Pinsean na nDall | 13 | 19 | 23 | 3 | 0 | 6 |
| Liúntas Cúramóra | 1,913 | 2,907 | 2,868 | 463 | 55 | 1,434 |
| Liúntas Cúram Baile | 736 | 1,301 | 1,059 | 506 | 10 | 462 |
| Deontas Cúram Faoisimh | 94 | 133 | 126 | 21 | 9 | 71 |
| Sochar Breoiteachta | 683 | 1,227 | 578 | 596 | 385 | 351 |
| Sochar Díobhála | 15 | 9 | 13 | 1 | 1 | 9 |
| Pinsean Easláinte | 1,889 | 2,571 | 2,895 | 584 | 43 | 938 |
| Sochar Míchumais | 186 | 385 | 342 | 59 | 6 | 164 |
| Forlíonadh Éagumais | 16 | 28 | 17 | 8 | 3 | 16 |
| Cúram Liachta | 18 | 1 | 2 | 2 | 1 | 14 |
| Sochar Cúramóra | 45 | 121 | 84 | 42 | 8 | 32 |
| **IOMLÁN - BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ** | **8,729** | **14,256** | **13,977** | **2,956** | **611** | **5,441** |
| **LEANAÍ** | | | | | | |
| Sochar Linbh | 311 | 659 | 496 | 184 | 17 | 273 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 277 | 434 | 250 | 289 | 13 | 159 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach) | 7 | 22 | 15 | 3 | 2 | 9 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach) | 24 | 42 | 41 | 7 | 1 | 17 |
| Deontas an Tuismitheora Baintrí | 7 | 8 | 14 | 0 | 0 | 1 |
| **IOMLÁN – LEANAÍ** | **626** | **1165** | **816** | **483** | **33** | **459** |
| Inárachas Fostaíochta | 124 | 91 | 79 | 20 | 17 | 99 |
| Gaolta faoi Dhliteanas | 32 | 33 | 12 | 5 | 33 | 15 |
| Sochair agus Cúnamh Inghnóthaithe | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| **IOMLÁN – NA hACHOMHAIRC UILE** | **14,770** | **26,069** | **24,081** | **5,306** | **1,824** | **9,628** |

## Tábla 2: Achomhairc a fuarthas 2008-2014

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **PINSIN** | | | | | | | |
| Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | 278 | 319 | 356 | 317 | 231 | 279 | 323 |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) | 87 | 88 | 256 | 106 | 128 | 136 | 205 |
| Pinsean Stáit (Aistriú) | 15 | 22 | 7 | 29 | 43 | 38 | 13 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach) | 17 | 15 | 20 | 17 | 30 | 40 | 49 |
| Sochar Báis | 1 | 1 | - | - | - | - | 1 |
| Deontas Méala | 39 | 46 | 58 | 66 | 71 | 78 | 63 |
| **PINSIN IOMLÁNA** | **437** | **491** | **697** | **535** | **503** | **571** | **654** |
| **IONCAM AGUS TACAÍOCHTAÍ FOSTAÍOCHTA IN AOIS OIBRE** | | | | | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist - Íocaíochtaí | 2,401 | 3,179 | 5,506 | 3,404 | 3,050 | 2,644 | 2,610 |
| Liúntas Cuardaitheora Poist - Maoin | 1,901 | 3,615 | 4,050 | 3,465 | 3,240 | 2,923 | 2,648 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 758 | 805 | 1,109 | 1,055 | 938 | 612 | 573 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach) | 14 | 19 | 12 | 29 | 39 | 30 | 24 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 3 | - | - | 4 | 1 | 2 | 2 |
| Liúntas Leasa Forlíontach | 436 | 789 | 1,020 | 3,129 | 5,445 | 4,084 | 2,889 |
| Cúnamh Feirme | 61 | 137 | 244 | 220 | 271 | 286 | 214 |
| Liúntas Réamhscoir | 10 | 3 | 2 | 1 | - | - | 3 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 1,358 | 1,354 | 1,307 | 1,286 | 1,289 | 882 | 845 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 13 | 5 | 14 | 20 | 8 | 11 | 7 |
| Sochar Máithreachais | 15 | 11 | 29 | 42 | 29 | 26 | 19 |
| Sochar Uchtála | 1 | 2 | 2 | 2 | 6 | - | 1 |
| Cúramaí Baile | 0 | - | 1 | - | 1 | 1 | 0 |
| Sochair Cóireála | 18 | 10 | 8 | 3 | 3 | 5 | 0 |
| Sochar Páirt-Cumais Pháirtigh | - | - | - | - | 67 | 70 | 33 |
| **IOMLÁN - IONCAM AGUS TACAÍOCHTAÍ FOSTAÍOCHTA in AOIS OIBRE** | **6,989** | **9.929** | **13,304** | **12,660** | **14,387** | **11,576** | **9.868** |
| **BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ** | | | | | | | |
| Liúntas Míchumais | 3,522 | 4,696 | 4,840 | 5,472 | 6,223 | 6,836 | 5,554 |
| Pinsean na nDall | 9 | 21 | 14 | 21 | 27 | 34 | 19 |
| Liúntas Cúramóra | 1,046 | 1,977 | 3,025 | 2,199 | 2,676 | 3,869 | 2,907 |
| Liúntas Cúram Baile | - | 836 | 1,858 | 2,401 | 2,186 | 1,688 | 1,301 |
| Deontas Cúram Faoisimh | 319 | 262 | 162 | 303 | 278 | 176 | 133 |
| Sochar Breoiteachta | 3,595 | 4,945 | 5,471 | 3,657 | 2,647 | 1,761 | 1,227 |
| Sochar Díobhála | 29 | 37 | 23 | 16 | 13 | 21 | 9 |
| Pinsean Easláinte | 526 | 642 | 1,024 | 2,285 | 4,765 | 4,501 | 2,571 |
| Sochar Míchumais | 294 | 263 | 342 | 263 | 409 | 346 | 385 |
| Cúram Leighis | 40 | 42 | 21 | 5 | 6 | 3 | 28 |
| Forlíonadh Éagumais | 7 | 8 | 15 | 6 | 21 | 14 | 1 |
| Sochar Cúramóra | 56 | 121 | 182 | 160 | 183 | 115 | 121 |
| **IOMLÁN - BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ** | **9,443** | **13,850** | **16.977** | **16,788** | **19,434** | **19,364** | **14,256** |
| **LEANAÍ** | | | | | | | |
| Sochar Linbh | 689 | 1,361 | 1,051 | 824 | 675 | 663 | 659 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 142 | 170 | 227 | 258 | 301 | 421 | 434 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach) | 25 | 23 | 6 | 13 | 14 | 11 | 22 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach) | 2 | 11 | 28 | 31 | 46 | 42 | 42 |
| Deontas an Tuismitheora Baintrí | - | 1 | 3 | 7 | 6 | 11 | 8 |
| **IOMLÁN – LEANAÍ** | **858** | **1,566** | **1,315** | **1,133** | **1,042** | **1,148** | **1,165** |
| **EILE** | | | | | | | |
| Liúntas Cíosa (Reachtaíocht maidir le Dírialú cíosanna) | 1 | - | - | - | - | - | 91 |
| Gaol faoi Dhliteanas | 19 | 25 | 16 | 26 | 39 | 23 | 33 |
| Inárachas Fostaíochta | 86 | 102 | 123 | 99 | 79 | 95 | 2 |
| **IOMLÁN – NA hACHOMHAIRC UILE** | **17,833** | **25,963** | **32,432** | **31,241** | **35,484** | **32,777** | **26,069** |

## Tábla 3: Torthaí achomharc de réir catagóire i 2014

| | *Ceadaithe* | *Ceadaithe go Páirteach* | *Cinneadh O.B. Ath-mheasta* | *Dícheadaithe* | *Ais-tarraingthe* | *Iomlán* |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **PINSIN** | | | | | | |
| Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | 64<br>*19.3%* | 23<br>*6.9%* | 64<br>*19.3%* | 162<br>*48.8%* | 19<br>*5.7%* | 332 |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) | 36<br>*19.8%* | 5<br>*2.7%* | 22<br>*12.1%* | 112<br>*61.5%* | 7<br>*3.8%* | 182 |
| Pinsean Stáit (Aistriú) | 4<br>*13.3%* | 1<br>*3.3%* | 4<br>*13.3%* | 19<br>*63.3%* | 2<br>*6.7%* | 30 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach) | 17<br>*28.8%* | 4<br>*6.8%* | 4<br>*6.8%* | 33<br>*55.9%* | 1<br>*1.7%* | 59 |
| Deontas Méala | 2<br>*2.3%* | 0<br>*0%* | 12<br>*14.0%* | 71<br>*82.6%* | 1<br>*1.2%* | 86 |
| **IOMLÁN NA bPINSEAN** | **123** | **33** | **106** | **397** | **30** | **689** |
| **TACAÍOCHTAÍ IONCAM AGUS FOSTAÍOCHTA in AOIS OIBRE** | | | | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist – Íocaíochtaí | 775<br>*26.0%* | 129<br>*4.3%* | 395<br>*13.3%* | 1,450<br>*48.7%* | 229<br>*7.7%* | 2,978 |
| Liúntas Cuardaitheora Poist – Maoin | 439<br>*14.3%* | 176<br>*5.7%* | 454<br>*14.8%* | 1,708<br>*55.6%* | 295<br>*9.6%* | 3,072 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 165<br>*21.9%* | 29<br>*3.9%* | 173<br>*23.0%* | 245<br>*32.5%* | 141<br>*18.7%* | 753 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach) | 6<br>*19.4%* | 4<br>*12.9%* | 8<br>25.8% | 8<br>25.8% | 5<br>16.1% | 31 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 0<br>0% | 0<br>0% | 1<br>*50.0%* | 1<br>*50.0%* | 0<br>0% | 2 |
| Liúntas Leasa Forlíontach | 852<br>26.4% | 128<br>4.0% | 462<br>14.3% | 1,496<br>46.3% | 295<br>*9.1%* | 3,233 |
| Cúnamh Feirme | 57<br>*19.8%* | 30<br>*10.4%* | 46<br>*16.0%* | 113<br>*39.2%* | 42<br>*14.6%* | 288 |
| Liúntas Réamhscoir | 0<br>0% | 0<br>0% | 1<br>50.0% | 1<br>50.0% | 0<br>0% | 2 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 218<br>*22.0%* | 46<br>*4.6%* | 173<br>*17.4%* | 473<br>*47.6%* | 83<br>*8.4%* | 993 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 2<br>*40.0%* | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 1<br>*20.0%* | 2<br>*40.0%* | 5 |
| Sochar Máithreachais | 5<br>*18.5%* | 0<br>*.0%* | 6<br>*22.2%* | 16<br>*59.3%* | 0<br>*0%* | 27 |
| Sochar Uchtála | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 1<br>*100.0%* | 0<br>*0%* | 1 |
| Cúramaí Baile | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 0 |
| Sochair Chóireála | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 2<br>*100.0%* | 0<br>*0%* | 2 |
| Sochar Páirt-Cumais | 27<br>*29.0%* | 4<br>*4.3%* | 17<br>*18.3%* | 37<br>*39.8%* | 8<br>*8.6%* | 93 |
| **IOMLÁN - TACAÍOCHTAÍ IONCAM AGUS FOSTAÍOCHTA IN AOIS OIBRE** | **2,546** | **546** | **1,736** | **5,552** | **1,100** | **11,480** |

## Tábla 3: Torthaí Achomhairc de réir Catagóire in 2014 (Ar leanúint)

| | *Ceadaithe* | *Ceadaithe go Páirteach* | *Cinneadh O.B. Ath-mheasta* | *Dícheadaithe* | *Ais-tarraingthe* | *Iomlán* |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ** | | | | | | |
| Liúntas Míchumais | 3,860<br>*57.3%* | 100<br>*1.5%* | 671<br>*10.0%* | 2,010<br>*29.9%* | 90<br>*1.3%* | 6,731 |
| Pinsean na nDall | 7<br>*26.9%* | 1<br>*3.8%* | 3<br>*11.5%* | 15<br>*57.7%* | 0<br>*0%* | 26 |
| Liúntas Cúramóra | 1,240<br>*36.6%* | 177<br>*5.2%* | 463<br>*13.7%* | 1,451<br>*42.9%* | 55<br>*1.6%* | 3,386 |
| Liúntas Cúram Baile | 701<br>44.5% | 24<br>*1.5%* | 506<br>*32.1%* | 334<br>*21.2%* | 10<br>0.6% | 1,575 |
| Liúntas Cúram Faoiseamh | 61<br>*39.1%* | 1<br>0.6% | 21<br>*13.5%* | 64<br>*41.0%* | 9<br>*5.8%* | 156 |
| Sochar Breoiteachta | 247<br>*15.8%* | 20<br>*1.3%* | 596<br>*38.2%* | 311<br>*19.9%* | 385<br>*24.7%* | 1,559 |
| Sochar Díobhála | 4<br>*26.7%* | 0<br>*0%* | 1<br>*6.7%* | 9<br>*60.0%* | 1<br>*6.7%* | 15 |
| Pinsean Easláinte | 2,133<br>*60.6%* | 15<br>*0.4%* | 584<br>*16.6%* | 747<br>*21.2%* | 43<br>*1.2%* | 3,522 |
| Sochar Míchumais | 111<br>*27.3%* | 19<br>*4.7%* | 59<br>*14.5%* | 212<br>*52.1%* | 6<br>*1.5%* | 407 |
| Forlíonadh Éagumais | 10<br>*35.7%* | 1<br>*3.6%* | 8<br>*28.6%* | 6<br>*21.4%* | 3<br>*10.7%* | 28 |
| Cúram Leighis | 2<br>*40.0%* | 0<br>*0%* | 2<br>*40.0%* | 0<br>*0%* | 1<br>*20.0%* | 5 |
| Sochar Cúramóra | 37<br>*27.6%* | 4<br>*3.0%* | 42<br>*31.3%* | 43<br>*32.1%* | 8<br>*6.0%* | 134 |
| **IOMLÁN - BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ** | **8,413** | **362** | **2,956** | **5,202** | **611** | **17,544** |
| **LEANAÍ** | | | | | | |
| Sochar Linbh | 110<br>*15.8%* | 40<br>*5.7%* | 184<br>*26.4%* | 346<br>*49.6%* | 17<br>*2.4%* | 697 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 94<br>*17.0%* | 15<br>*2.7%* | 289<br>*52.4%* | 141<br>*25.5%* | 13<br>*2.4%* | 552 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach) | 9<br>*45.0%* | 1<br>*5.0%* | 3<br>15.0% | 5<br>*25.0%* | 2<br>*10.0%* | 20 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach) | 16<br>*32.7%* | 2<br>*4.1%* | 7<br>*14.3%* | 23<br>*46.9%* | 1<br>*2.1%* | 49 |
| Deontas an Tuismitheora Baintrí | 3<br>*21.4%* | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 11<br>78.6% | 0<br>*0%* | 14 |
| **IOMLÁN – LEANAÍ** | **232** | **58** | **483** | **526** | **33** | **1,332** |
| **EILE** | | | | | | |
| Inárachas Fostaíochta | 13<br>*11.2%* | 4<br>*3.4%* | 20<br>*17.2%* | 62<br>*53.4%* | 17<br>*14.7%* | 116 |
| Gaolta faoi Dhliteanas | 0<br>*0%* | 0<br>*0%* | 5<br>*10.0%* | 12<br>*24.0%* | 33<br>*66.0%* | 50 |
| **IOMLÁN NA nACHOMHARC** | **11,327**<br>36.3% | **1,003**<br>3.2% | **5,306**<br>17.0% | **11,751**<br>37.7% | **1,824**<br>5.8% | **31,211** |

# Tábla 4: Achomhairc ar láimh ag 31ú Nollaig 2008-2014

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **PINSIN** | | | | | | | |
| Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | 141 | 169 | 230 | 165 | 127 | 143 | 134 |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) | 47 | 62 | 110 | 91 | 106 | 74 | 97 |
| Pinsean Stáit (Aistriú) | 12 | 9 | 11 | 22 | 39 | 26 | 9 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach) | 8 | 9 | 14 | 14 | 20 | 25 | 15 |
| Sochar Báis | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Deontas Méala | 13 | 19 | 30 | 35 | 41 | 40 | 17 |
| **PINSIN IOMLÁNA** | **222** | **269** | **395** | **327** | **333** | **308** | **273** |
| **IONCAM AGUS TACAÍOCHTAÍ FOSTAÍOCHTA AOIS OIBRE** | | | | | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist - Íocaíochtaí | 773 | 2,095 | 3,318 | 1,498 | 1,247 | 1,180 | 812 |
| Liúntas Cuardaitheora Poist - Maoin | 875 | 2,269 | 2,496 | 1,866 | 1,522 | 1,453 | 1,029 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 383 | 469 | 819 | 618 | 575 | 411 | 231 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach) | 7 | 12 | 13 | 18 | 23 | 16 | 9 |
| Liúntas Bean Chéile Thréigthe | 1 | 0 | 0 | 4 | 1 | 1 | 1 |
| Liúntas Leasa Forlíontach | 114 | 140 | 343 | 1,833 | 1,955 | 1,221 | 877 |
| Cúnamh Feirme | 34 | 98 | 163 | 121 | 161 | 176 | 102 |
| Liúntas Réamhscoir | 4 | 0 | 1 | 2 | 1 | 1 | 2 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 415 | 667 | 766 | 583 | 519 | 391 | 243 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 4 | 3 | 14 | 12 | 10 | 3 | 5 |
| Sochar Máithreachais | 2 | 6 | 21 | 20 | 21 | 14 | 6 |
| Sochar Uchtála | 1 | 2 | 2 | 2 | 1 | 0 | 0 |
| Cúramaí Baile | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 |
| Sochair Chóireála | 8 | 6 | 4 | 1 | 1 | 2 | 0 |
| Sochar Páirt-Chumais | - | - | - | - | 67 | 81 | 21 |
| **IOMLÁN - TACAÍOCHTAÍ IONCAM AGUS FOSTAÍOCHTA IN AOIS OIBRE** | **2,622** | **5,767** | **7,960** | **6,578** | **6,105** | **4,951** | **3,339** |
| **BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ** | | | | | | | |
| Liúntas Míchumais | 1,550 | 2,846 | 3,046 | 2,958 | 4.030 | 3.121 | 1,944 |
| Pinsean na nDall | 6 | 8 | 7 | 14 | 8 | 13 | 6 |
| Liúntas Cúramóra | 594 | 1,339 | 2,145 | 1,147 | 1,766 | 1,913 | 1,434 |
| Liúntas Cúram Baile | - | 776 | 1,386 | 1,385 | 1,113 | 736 | 462 |
| Deontas Cúram Faoisimh | 119 | 185 | 114 | 166 | 153 | 94 | 71 |
| Sochar Breoiteachta | 1,404 | 2.420 | 2.658 | 2,021 | 1,460 | 683 | 351 |
| Sochar Díobhála | 16 | 21 | 18 | 9 | 11 | 15 | 9 |
| Pinsean Easláinte | 310 | 467 | 612 | 1,582 | 4,356 | 1,889 | 938 |
| Sochar Míchumais | 201 | 169 | 334 | 278 | 254 | 186 | 164 |
| Cúram Leighis | 28 | 43 | 49 | 27 | 25 | 18 | 14 |
| Forlíonadh Éagumais | 3 | 7 | 15 | 14 | 23 | 16 | 16 |
| Sochar Cúramóra | 24 | 74 | 73 | 61 | 75 | 45 | 32 |
| **IOMLÁN - BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ** | **4,255** | **8,355** | **10,457** | **9,662** | **13,274** | **8,729** | **5,441** |
| **LEANAÍ** | | | | | | | |
| Sochar Linbh | 573 | 1,420 | 1,187 | 603 | 403 | 311 | 273 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 51 | 73 | 105 | 104 | 147 | 277 | 159 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach) | 1 | 16 | 9 | 10 | 4 | 7 | 9 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach) | 16 | 9 | 26 | 32 | 26 | 24 | 17 |
| Deontas anTuismitheora Baintrí | - | - | 1 | 5 | 5 | 7 | 1 |
| **IOMLÁN – LEANAÍ** | **641** | | **1,518** | **1,328** | **585** | **626** | **459** |
| **EILE** | | | | | | | |
| Gaolta faoi Dhliteanas | 15 | 22 | 22 | 31 | 21 | 32 | 15 |
| Inárachas Fostaíochta | 77 | 77 | 112 | 136 | 96 | 124 | 99 |
| Sochair agus Cúnamh In-Aisghnóthaithe | - | - | - | - | - | - | 2 |
| **IOMLÁIN – NA hACHOMHAIRC UILE** | **7,832** | **16,008** | **20,274** | **17,488** | **20,414** | **14,770** | **9,628** |

### Tábla 5: Staitisticí achomhairc 1993-2014

| STAITISTICÍ ACHOMHAIRC 1993-2014 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | Idir lámha ag tús na bliana | Faighte | Ualach Oibre | Tugtha chun Críche | Idir lámha ag deireadh na bliana |
| 1993 | 7,053 | 18,285 | 25,338 | 20,021 | 5,317 |
| 1994 | 5,317 | 13,504 | 18,821 | 14,971 | 3,850 |
| 1995 | 3,850 | 12,353 | 16,203 | 12,087 | 4,116 |
| 1996 | 4,116 | 12,183 | 16,299 | 11,613 | 4,686 |
| 1997 | 4,686 | 14,004 | 18,690 | 12,835 | 5,855 |
| 1998 | 5,855 | 14,014 | 19,869 | 13,990 | 5,879 |
| 1999 | 5,879 | 15,465 | 21,344 | 14,397 | 6,947 |
| 2000 | 6,947 | 17,650 | 24,597 | 17,060 | 7,537 |
| 2001 | 7,537 | 15,961 | 23,498 | 16,525 | 6,973 |
| 2002 | 6,973 | 15,017 | 21,990 | 15,834 | 6,156 |
| 2003 | 6,156 | 15,224 | 21,380 | 16,049 | 5,331 |
| 2004 | 5,331 | 14,083 | 19,414 | 14,089 | 5,325 |
| 2005 | 5,325 | 13,797 | 19,122 | 13,419 | 5,703 |
| 2006 | 5,704 | 13,800 | 19,504 | 14,006 | 5,498 |
| 2007 | 5,498 | 14,070 | 19,568 | 13,845 | 5,723 |
| 2008 | 5,723 | 17,833 | 23,556 | 15,724 | 7,832 |
| 2009 | 7,832 | 25,963 | 33,795 | 17,787 | 16,008 |
| 2010 | 16,008 | 32,432 | 48,440 | 28,166 | 20,724 |
| 2011 | 20,274 | 31,241 | 51,515 | 34,027 | 17,488 |
| 2012 | 17,488 | 35,484 | 52,972 | 32,558 | 20,414 |
| 2013 | 20,414 | 32,777 | 53,191 | 38,421 | 14,770 |
| 2014 | 14,770 | 26,069 | 40,839 | 31,211 | 9,628 |

## Tábla 6: Achair próiseála achomhairc de réir scéime i 2014

| | Oifig nAchomharc Leasa Shóisialaigh (seachtainí) | [1] An Roinn Coimirce Sóisialaí (seachtainí) | Achomharcóir (seachtainí) | Iomláin |
|---|---|---|---|---|
| **PINSIN** | | | | |
| Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | 12.8 | 13.8 | 0.1 | 26.8 |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) | 12.4 | 17.6 | 0.7 | 30.7 |
| Pinsean Stáit (Aistriú) | 13.8 | 29.4 | 0.3 | 43.5 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach) | 10.4 | 21.4 | 0.2 | 32.0 |
| Deontas Méala | 12.2 | 8.7 | - | 20.9 |
| **TACAÍOCHTAÍ IONCAIM AOIS OIBRE** | | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 11.0 | 13.1 | 0.1 | 24.3 |
| Liúntas Cuardaitheora Poist (Maoin) | 12.6 | 16.4 | 0.2 | 29.1 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 14.3 | 18.6 | 0.1 | 33.0 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach) | 10.5 | 17.5 | - | 28.0 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 17.7 | 6.3 | - | 24.0 |
| Liúntas Leasa Forlíontach | 9.3 | 11.5 | 0.2 | 21.0 |
| Cúnamh Feirme | 13.1 | 18.1 | 0.4 | 31.7 |
| Liúntas Réamhscoir | 6.1 | 4.0 | - | 10.1 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 10.7 | 14.4 | 0.1 | 25.3 |
| Sochar Bean Chéile Thréigthe | 25.3 | 11.8 | - | 37.1 |
| Sochar Máithreachais | 16.2 | 7.6 | - | 23.8 |
| Sochar Uchtála | 8.2 | 8.9 | - | 17.1 |
| Sochair Chóireála | 10.6 | 10.1 | - | 20.8 |
| Sochar Páirt-Cumais | 13.0 | 37.1 | - | 50.1 |
| **BREOITEACHT, MÍCHUMAS AGUS CÚRAMÓIRÍ** | | | | |
| Liúntas Míchumais | 9.6 | 11.1 | 0.1 | 20.7 |
| Pinsean na nDall | 18.7 | 11.2 | - | 29.9 |
| Liúntas Cúramóra | 8.8 | 19.3 | 0.4 | 28.6 |
| Liúntas Cúram Baile | 9.3 | 11.9 | 0.2 | 21.4 |
| Deontas Cúram Faoisimh | 10.8 | 9.6 | 0.2 | 20.6 |
| Sochar Breoiteachta | 9.4 | 14.1 | 4.4 | 27.8 |
| Sochar Díobhála | 12.0 | 35.1 | 0.4 | 47.5 |
| Pinsean Easláinte | 9.4 | 17.4 | 0.1 | 27.0 |
| Sochar Míchumais | 13.3 | 14.4 | - | 27.7 |
| Forlíonadh Éagumais | 10.4 | 23.8 | - | 34.2 |
| Cúram Leighis | 6.8 | 72.9 | 2.1 | 81.7 |
| Sochar Cúramóra | 15.1 | 6.8 | 0.1 | 22.0 |
| **LEANAÍ** | | | | |
| Sochar Linbh | 11.7 | 11.7 | 0.2 | 23.6 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 9.6 | 18.1 | - | 27.8 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach) | 11.5 | 10.1 | - | 21.7 |
| Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach) | 11.0 | 8.6 | - | 19.6 |
| Deontas anTuismitheora Baintrí | 15.1 | 7.1 | - | 22.2 |
| **EILE** | | | | |
| Inárachas Fostaíochta | 29.9 | 31.0 | - | 60.8 |
| Gaolta faoi Dhliteanas | 9.8 | 28.8 | 0.5 | 38.3 |
| **IOMLÁIN – NA hACHOMHAIRC UILE** | **10.5** | **13.4** | **0.4** | **24.2** |

[1] Tugtar faoi deara go gcuirfear san áireamh leis na meánseachtainí sa RCS cásanna a d'atreoraigh an RCS ar ais chuig na custaiméirí chun breis faisnéise/soiléiriú a fháil (seachas bheith ag fanacht le gníomhú sa RCS). Níl miondealú ar fail le haghaidh na tuarascála seo.

**Tábla 7: Achomhairc gan réiteach ag 31ú Nollaig 2014**

| Scéim | Idir lámha in Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh | Ag feitheamh le freagairt ón Roinn | Ag feitheamh le freagairt ón Achomharcóir | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|---:|
| Liúntas/Sochar Cuardaitheora Poist | 538 | 509 | 7 | 1,054 |
| Maoin LCP/Cúnamh Feirme | 567 | 560 | 4 | 1,131 |
| Liúntas Leasa Forlíontach | 341 | 531 | 5 | 877 |
| Liúntas Míchumais | 1,183 | 755 | 6 | 1,944 |
| Liúntas Cúramóra | 507 | 905 | 22 | 1,434 |
| Liúntas Cúram Baile | 166 | 293 | 3 | 462 |
| Pinsean Easláinte | 248 | 686 | 4 | 938 |
| Sochar Breoiteachta | 128 | 185 | 38 | 351 |
| Sochar Linbh | 169 | 99 | 5 | 273 |
| Scéimeanna eile | 552 | 601 | 11 | 1,164 |
| **Iomláin** | **4,399** | **5,124** | **105** | **9,628** |

# An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh in 2014

## Gnó hOifige

### Fáltais achomhairc

Tháinig laghdú 6,708 ar an líon achomharc a fuarthas in 2014, arb ionann seo agus laghdú 21% i gcomparáid le 2013. Baineann an laghdú is mó leis na scéimeanna Breoiteachta, Míchumais agus Cúraim, ar tháinig laghdú 5,106 orthu. Ní thugann seo laghdú ginearálta le fios ar an líon daoine a raibh achomhairc á ndéanamh acu, ach léiríonn sé an bealach gur tháinig borradh bréagach ar líon na n-achomharc a fuarthas maidir leis na scéimeanna seo i 2012 agus 2013 mar gheall ar riaráistí ar phróiseáil éilimh laistigh den Roinn, ar próiseáladh an formhór díobh faoi dheireadh 2013.

### Amanna próiseála achomhairc

Cé gur tháinig feabhas suntasach ar achair próiseála, d'fhéadfaí iad a laghdú sa bhreis, go háirithe sa chuid sin den phróiseas ina ndéanann an Roinn athbhreithniú ar an mbunchinneadh, an comhad a ullmhú le haghaidh an achomhairc agus aighneacht a dhéanamh ar áiteamh an achomharcóra. Is ionann anois an t-am a ghlacann Oifig na nAchomhairc le linn a céime féin den phróiseas agus an t-am a ghlac sí sular tháinig borradh sna achomhairc, cé go bhfuil cothromaíocht dhifriúil le sonrú idir cásanna achomair agus éisteachtaí ó bhéal. Tá an t-am a ghlacann an Roinn leis seo fós i bhfad níos airde ná mar a bhíodh sé, cé gur cuireadh feabhas mór air seo in 2014. Leanfaidh m'oifig ag obair leis an Roinn i 2015 chun feabhas a chur ar an bpróiseas iomlán. Tugtar miondealú i dTábla 6 den tuarascáil seo ar na hachair próiseála le haghaidh 2014 i dtaobh gníomhaíochtaí na Roinne agus gníomhaíochtaí na hoifige seo. Measaim go mbeidh seo cabhrach nuair a bheifear ag díriú ar gach gné den phróiseáil, laistigh den Roinn agus laistigh den oifig seo araon.

### Éisteachtaí ó Bhéal

Tá ceanglas faoin dlí ann go gcuirtear éisteacht ó bhéal ar fáil i gcás ina mbíonn aon díospóidí, amhrais nó coimhlintí ann nach mór a réiteach trí éisteacht ó bhéal a chur ar siúl don chás. Ní mór déileáil le gach cás den sórt sin trí éisteacht ó bhéal agus is mar sin a deintear.

Níl aon cheanglas comhfhreagrach ann chun déileáil le cás trí éisteacht ó bhéal díreach chun an deis a thabhairt d'achomharcóir a gcás a chur i láthair go pearsanta. Ina ainneoin sin, tá sé mar bheartas againn a chinntiú, a mhéid is féidir, go dtugtar an deis sin do gach uile achomharcóir ar mian leis/léi go n-éistfear leis/léi i bpearsan. Ar an gcúis seo, tá sé mar bheartas ag an oifig seo ceadú le hiarratas ar éisteacht ó bhéal, murar léir nach mbeadh aon tairbhe as an éisteacht.

Níor fógraíodh an beartas seo, go dtí seo, ar ár suíomh idirlín nó inár litríocht. Ar an ábhar sin, is maith liom a thabhairt le fios, ag tráth an scríofa seo, gur leasaíodh an suíomh idirlín leis an fhaisnéis seo a chur san áireamh, agus déantar tagairt anois freisin don bheartas seo sa bhileog a eisítear do gach achomharcóir.

### Dlíthíocht

I rith 2014, rinneadh trí agóid san Ard-Chúirt maidir le nós imeachta na hoifige seo chun cinneadh a dhéanamh ar achomhairc, go háirithe iad siúd a bhain leis na scéimeanna breoiteachta, míchumais agus cúraim. Is éard a bhí suntasach faoi na hagóidí seo ná

go ndearna siad agóid i leith nósanna imeachta a bhí i bhfabhar an achomharcóra.

Tá sé mar chuspóir ag an gcóras achomhairc leasa shóisialaigh a chinntiú gur féidir le hachomharcóirí a gcásanna a dhéanamh in atmaisféar nach bhfuil chomh foirmiúil céanna le héisteacht chúirte agus nach bhfuil imeaglach ar bhealach ar bith. D'fhéadfadh iad siúd a dhéanann achomharc leis an oifig seo bheith leochaileach ar roinnt cúiseanna agus féadann an córas leasa shóisialaigh bheith sách casta. Ar an gcúis seo, oibrítear an córas le cuid mhaith solúbthachta maidir le hachomharc a dhéanamh, aighneacht le fianaise nua ón achomharcóir ag aon phointe sa phróiseas achomhairc, agus le hachomhairc a athoscailt sa chás gur léir go measann an t-achomharcóir go bhfuil breis fianaise le tabhairt acu.

Trí thabhairt faoi chásanna go dícheallach sna cúirteanna, imrítear impleachtaí ar an sholúbthacht agus neamhfhoirmiúlacht atá mar bhunchlocha an chórais reatha, agus d'fhéadfadh seo baint de ghnéithe na nósanna imeachta atá i bhfabhar iad siúd a dhéanann achomharc leis an oifig.

## Oiliúint Oifigeach Achomhairc

Le linn 2014, d'oibrigh Oifig na nAchomharc le Accenture chun clár nua cuimsitheach oiliúna a fhorbairt d'Oifigigh Achomhairc. Tharla seo mar chuid de thionscadal uile-Roinne chun oiliúint chuimsitheach a fhorbairt do gach ról a bhaineann le cinnteoireacht.

D'fhorbair agus chuir an clár nua le cláir oiliúna eile a bhí ann roimhe seo, chuir sé lena n-ábhar, agus d'fheabhsaigh sé a struchtúr agus a n-inrochtaineacht. Tá sraith tacaíochta oiliúna ar fail anois d'Oifigí Achomhairc atá níos iomláine agus níos so-rochtana. Is éard atá sa gclár ná meascán de mhodúil ríomhfhoghlama agus modúil foghlama a sholáthraíonn oiliúnóir go díreach, ina bhfuil teacht gan stró ar chóip páipéir d'ábhar gach modúil. Cuireadh na modúil le chéile sa chaoi go gcuireann said le léann an mhodúil roimhe sin agus go gcuirfidh an oiliúint ar chumas na nOifigeach Achomhairc cur lena n-inniúlacht agus lena mbonn eolais go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Cuimsíonn na trí mhodúl foghlama, i measc rudaí eile, ról agus freagrachtaí na nOifigeach Achomhairc, conas achomharc a bhainistiú, lena n-áirítear éisteachtaí ó bhéal agus gnéithe dlíthiúla ról an Oifigigh Achomhairc.

## Cruinnithe leis an Oifig Chomhairleach Cinntí

Gné an-tábhachtach den phróiseas achomhairc is ea aiseolas a sholáthar don Roinn ar fhadhbanna a thagann chun cinn i dtaca le hachomhairc. Casann an oifig seo go rialta le ceann na hoifige sin agus lena comhaltaí foirne chun an t-aiseolas sin a sholáthar agus chun saincheisteanna buartha a thabhairt chun solais. Tá na cruinnithe fíor-áisiúil agus fíor-tháirgiúil agus ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl don mheanma oscailte agus ghairmiúil ina bpléitear agus ina gcuirtear saincheisteanna, atá conspóideach uaireanta, chun cinn.

# Imeachtaí Cúirte

**C O'B agus an Príomhoifigeach Achomhairc, Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh agus an tAire Coimirce Sóisialaí.**

**Rinne an Breitheamh Onórach Baker breithiúnas a thabhairt ar an 21ú lá de Dheireadh Fómhair 2014.**

Iarradh an t-athbhreithniú breithiúnach mar gheall gur mhian leis an iarratasóir an tOifigeach Breithiúnachta agus an Measúnóir Leighis a ghlaoch chuig éisteacht ó bhéal le haghaidh cros-cheistiú agus áitíodh gurbh ionann teip ar an Oifigeach Achomhairc chun amhlaidh a dhéanamh agus sárú ar nósanna imeachta córa.

Nuair a cuireadh na himeachtaí faoi bhráid na cúirte, míníodh go soiléir don iarratasóir nár bheartaigh an tOifigeach Achomhairc bráth ar thuairim an Mheasúnóra Leighis, mar gheall nár nochtadh an tuairim sin ach mar chonclúid nár comhlíonadh na coinníollacha cáilithe. Ina ainneoin sin, lean an cás ar aghaidh sa chúirt.

Níor aontaigh an Breitheamh le háiteamh an iarratasóra agus nar mhór go mbeadh an Measúnóir Leighis i láthair chun tabhairt faoi éisteacht cheart ó bhéal don chás. Mheas sí narbh fhéidir aon cheart a tharraingt ó aon phrionsabal faoi nósanna imeachta córa a thabharfadh teidlíocht do dhuine scrúdú a dhéanamh ar fhianaise nár tugadh ar aird agus a fágadh ar lár ón bpróiseas cinnteorachta.

Maidir le freastal an Oifigigh Bhreithiúnachta, dheimhnigh an Breitheamh nach gceanglaítear ar an bPríomhoifigeach Achomhairc iallach a chur ar an Oifigeach Breithiúnachta a bheith I láthair . Mheas sí gurbh ionann teidlíocht an Oifigigh Bhreithiúnachta chun teacht i láthair ag an achomharc agus teidlíocht chun argóint a dhéanamh nó an t-achomharc a phróiseáil thar ceann na Roinne, seachas fianaise a thabhairt faoi mhionn maidir leis na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh atá á achomharc.

**L.D. agus an Príomhoifigeach Achomhairc, Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh agus an tAire Coimirce Sóisialaí.**

**Rinne an Breitheamh Onórach Peart breithiúnas a thabhairt an 19ú lá de Nollaig 2014.**

Iarradh an t-athbhreithniú breithiúnach ar an mbonn gur áitigh an t-iarratasóir go raibh sí i dteideal éisteacht ó bhéal sula ndéanfaí cinneadh ar a hachomharc. Rinneadh cinneadh ar a hachomharc ar bhonn achomair agus níor iarr sí éisteacht ó bhéal dá cás. Rinne an tOifigeach Achomhairc sa chás an tairiscint di chun a cinneadh achomair a chur ar ceal d'fhonn go bhféadfaí éisteacht ó bhéal a chur ar bun dá cás, ach d'áitigh an t-iarratasóir nach raibh sé de chumhacht ag an Oifigeach Achomhairc an méid seo a dhéanamh faoin reacht.

Mheas an breitheamh go dtugtar an chumhacht chun seo a dhéanamh laistigh de théarmaí na scéime reachtúla agus mheas sí *"Is cinnte nach bhfuil rud ar bith áiféiseach faoi dheis a thabhairt don iarratasóir a hiarracht is fearr a dhéanamh ar an mbealach seo. Tá an deis aici go n-aisiompófar an diúltú i bhfianaise an méid is mian léi a rá nó de bhárr na fianaise nó na bhfíricí nua is mian léi a thabhairt ar aird. Cé go dtarlaíonn sin laistigh den dlínse athbhreithnithe, ní mór a thuiscint gurb athbhreithniú ar an achomharc atá I gceist, seachas nós imeachta neamhspleách atá ainmnithe mar "Athbhreithniú".*

Ag féachaint don tuairim seo, ní raibh ar an mBreitheamh cinneadh a dhéanamh ar cibé acu an raibh nó nach raibh an t-iarratasóir i dteideal éisteacht ó bhéal a fháil. Ina ainneoin sin, lean sé ar aghaidh lena rá, *"Déarfainn faoin bpointe seo, áfach, sa mhéid gur dearbhaíodh go raibh coimhlintí soiléire ag teacht chun solais san ábhar a cuireadh faoi bhráid an oifigigh achomhairc ónar theastaigh éisteacht ó bhéal, níor éirigh liom a shainaithint cérbh iad na coimhlintí sin, fiú i bhfianaise thuairimí an Mheasúnóra Leighis, ar luaigh an t-oifigeach achomhairc nár thug sí aon aird orthu. Glacaim leis go bhfuil malairt tuairimí ann idir an t-iarratasóir ar thaobh amháin, agus an Measúnóir, an t-oifigeach breithiúnachta agus an t-oifigeach achomhairc ar an taobh eile, maidir le cibé acu an gcáilíonn nó nach gcáilíonn a mac don Liúntas Cúram Baile. Ach tiocfaidh seo chun cinn i ngach cás ina ndéanann oifigeach breithiúnachta cinneadh diúltach. Ní seo an saghas coimhlinte nó malairt tuairimí óna dteastaíonn éisteacht ó bhéal, nó ní fhéadfaí achomharc ar bith a dhiúltú gan éisteacht ó bhéal a chur ar bun. Ní hamhlaidh a fhorálann an tAcht. Cé go dtacaíonn na litreacha ó Ospidéal an Mater agus go dtacaíonn dochtúir an iarratasóra le heileamh an iarratasóra, ní hionann iad siúd agus fianaise leighis, mar dhea."*

**A.S. agus an Príomhoifigeach Achomhairc, Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh agus an tAire Coimirce Sóisialaí.**

**Rinne an Breitheamh Onórach Peart breithiúnas a thabhairt an 19ú lá de Nollaig 2014.**

Iarradh an t-athbhreithniú breithiúnach sa chás seo ar an mbonn go ndearnadh an cinneadh ar bhonn achomair agus go raibh sé de cheart ag an iarratasóir éisteacht ó bhéal a fháil. Dheimhnigh athbhreithniú ag an bPríomhoifigeach Achomhairc gur iarr an t-iarratasóir, i bhfírinne, éisteacht ó bhéal dá gcás agus gur thug an tOifigeach Achomhairc neamhaird ar an iarratas seo agus, in aon chás, go rabhthas in amhras ar cheist fhíriciúil ar cheart í a réiteach ag éisteacht ó bhéal. Tairgíodh éisteacht ó bhéal don chás ach mheas an t-iarratasóir nach raibh sé de chumhacht ag an bPríomhoifigeach Achomhairc faoin reacht chun seo a dhéanamh.

Dheimhnigh an Breitheamh go raibh an chumhacht aici, go deimhin, chun amhlaidh a dhéanamh agus luaigh sí, *"Sa mhéid gur cheart gur deonaíodh éisteacht ó bhéal dá chás don iarratasóir, agus glacann na freagróirí leis seo, tá foráil ann go ndéanfar athbhreithniú ar an gcinneadh achomair, agus, faoi mar a dheimhnigh mé, is féidir seo a dhéanamh trí éisteacht ó bhéal. Meastar faoin Acht, sa chás go ndéantar botún sa bhealach a dhéanann oifigeach achomhairc cinneadh ar achomharc, is féidir an cheist a cheartú sa chás go sainaithníonn an Príomhoifigeach Achomhairc botún i dtaobh fírice nó I dtaobh an dlí."*

# Cruinnithe agus Comhairliúcháin

### Comhsheasmhacht i gCinnteoireacht

Leanann Oifig na nAchomhairc leí ag díriú go príomha ar chomhsheasmhacht i cúrsaí cinnteoireachta, go háirithe maidir leis na ceisteanna siúd ina dteastaíonn ardchaighdeán breithiúnais agus léirmhíniú reachtaíochta. San áireamh leo seo bheadh ceisteanna i dtaca le cúram agus aird nó corpacmhainn chun oibre, comhchónaí, cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh maoin nó cásanna ina leagtar ró-íocaíochtaí móra ar daoine. Is éard cuspóir Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh, trínár ndíospóireachtaí agus ár gcomhdhálacha go léir, ná teach ar chomhthuiscint ar na saincheisteanna atá faoi chaibidil agus an tionchar a imríonn siad seo ar shaol na ndaoine, an tábhacht a thabharfar do shaghsanna éagsúla d'fhianaise, an taobh ar a thiteann an dualgas cruthúnais agus léirmhíniú ar na forálacha éagsúla reachtúla. Baineann ríthábhacht leis na ceisteanna seo seo ionas go mbeidh muinín ag daoine go bhfaighfidh said an cinneadh is fearr is féidir linn a dhéanamh ar a gcás.

### Gnáthchónaí/Ceart chun cónaithe

Ón 21 Nollaig 2009, ní féidir a mheas go bhfuil gnáthchónaí sa Stát ar dhuine a dhéanann iarratas ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh mura bhfuil an ceart acu chun cónaí sa Stát. Leasaíodh Alt 246 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 lena fhoráil, *"(5) In ainneoin fho-ailt (1) go (4) agus faoi réir fho-alt (9), ní mheasfar go bhfuil gnáthchónaí sa Stát ar dhuine nach bhfuil an ceart acu chun cónaí sa Stát, chun críche an Achta seo.*".

Rialaíonn Rialacháin na gComhphobal (Saorghluaiseacht Daoine), 2006 agus 2008 (I.R. Uimh. 656 de 2006 arna leasú ag I.R. 310/2008) a thug éifeacht do Threoir 2004/38/CE cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an ceart chun cónaithe sa Stát ag náisiúnach an LEE. I mo thuarascáil bhliaintiúil 2010, thagair mé do chastacht na saincheiste seo agus rinne mé cur síos ar chomh fadhbach is a bhí sé cinneadh a dhéanamh bunaithe ar an reachtaíocht seo. San idirthréimhse, tá an cheist seo éirithe níos deacra fós, mar gheall go gcuimsíonn sí an ceart atá ag daoine muinteartha cleithiúnacha chun cónaithe sa Stát.

Is léir go bhfuil neamhchomhsheasmhacht agus lagthuiscint ann ar an reachtaíocht i gcinntí a bhaineann leis an gceart chun cónaithe agus atá faoi achomharc. Ní ábhar ionaidh é seo ós rud nach mór an cheist a shocrú trí thagairt a dhéanamh don dlí inimirce agus do dhlí an AE, atá an-chasta.

I gcás achomharcóirí, seachas náisiúnaigh an LEE, a tháinig chuig an Stát seo, is í Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) a dhéanann an cinneadh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an ceart chun cónaithe acu. Ar an drochuair, ní cosúil go bhforálann an reachtaíocht reatha do chinneadh ag SEIÉ ar an gceart chun cónaithe do náisiúnaigh an LEE. Tá foráil ann chun iarratas a dhéanamh ar an Aire Dlí agus Cirt ar dheimhniú buanchónaitheachta, ach ní ar aon rud eile. Fágann seo go bhfuil sé i bhfad níos casta do dhuine a thaispeáint, ar mhaithe le hiarratas a dhéanamh ar íocaíocht leasa shóisialaigh, go bhfuil an ceart acu chun cónaí sa Stát.

### Scaradh tíreolaíoch

Ó thráth go chéile, faightear achomhairc ina ndiúltaítear nó ina n-aistarraingítear iarratas duine ar íocaíocht teaghlach aontuismitheora ar an mbonn, cé go bhfuil an duine scartha óna gcéile go tíreolaíoch, nach bhfuil an ceangal pósta briste .

Sa reachtaíocht rialaithe le haghaidh íocaíocht teaghlach aontuismitheora, déantar tagairt do thuismitheoir cáilithe. Is é an sainmhíniú a thugtar ar thuismitheoir cáilithe ná: i measc rudaí eile, baintreach, baintreach fir, céile scartha nó duine nach bhfuil pósta. Forálann an reachtaíocht go gcaithfear le duine mar chéile scartha, sa chás gur chónaigh an lánúin amach óna chéile ar feadh thréimhse trí mhí ar a laghad, sula ndearnadh an t-éileamh agus go leanann siad le cónaí amuigh óna chéile. Ní dhéanann an reachtaíocht tagairt do cheangal pósta a bhriseadh, agus go deimhin, i dtráthanna nuair atá comhthuistiú mar ghnáthchleachtas seachas mar eisceacht, níl sé soiléir in aon chor conas a d'fhéadfaí sainmhíniú a thabhairt ar an téarma sin dá ndéanfaí tagairt dó sa reachtaíocht. Glactar le fianaise i leith teagmháil leanúnach idir an lánúin mar fhianaise nach bhfuil siad scartha in ainneoin gur chónaigh siad amach óna chéile (ar ilchríocha éagsúla ina amanna) i gcaitheamh go leor blianta.

I gcás duine nach bhfuil pósta, dícháileofar iad ón íocaíocht a fháil más comhaitritheoir iad. Is é an sainmhíniú a thugtar ar chomhaitritheoir ná duine a chónaíonn le duine eile i gcaidreamh tiomanta agus dlúth, i measc rudaí eile. Ar an ábhar sin, ní dhícháileofar duine neamhphósta atá i gcaidreamh le duine eile ach nach bhfuil ag cónaí leis an duine sin, ón íocaíocht a fháil ar an mbonn go bhfuil caidreamh ag an duine le duine nach gcónaíonn siad leo.

Ar an ábhar sin, is cosúil nach bhfuil aon bhonn ann lena dheimhniú nach bhfuil lánúin phósta idirscartha a chónaíonn amuigh óna chéile ar mhaithe le cuspóirí na scéime díreach mar gheall go simplí go bhfuil caidreamh iarmharach fós ann.

**Ró-íocaíochtaí ina líomhnaítear calaois**

Saincheist eile a pléadh ná an líon cásanna ina ndéanann Oifigigh Bhreithiúnachta athbhreithniú ar chinntí i gcomhréir le halt 302(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005. Baineann alt 302(a) le cásanna ina raibh an cinneadh a athbhreithnítear mícheart mar gheall ar aon ráiteas nó ionadaíocht arbh eol don éilitheoir bheith bréagach nó míthreorach ar bhealach ábhartha nó mar gheall aon fhíric ábhartha a cheilt go toiliúil.

Sa gcás go ndéantar athbhreithniú ar chinneadh faoin alt seo den Acht, tá na himpleachtaí a bheidh i ndán don duine sách pionósach. Ar an gcéad dul síos, níl aon lánrogha ag an té a dhéanann an cinneadh maidir leis an dáta éifeachtach don chinneadh athbhreithnithe. Ar an dara dul síos, ní fhéadtar an ró-íocaíocht a eascraíonn ón gcinneadh athbhreithnithe a laghdú faoi shuim aon íocaíochta eile a mbeadh an duine i dteideal a fháil sa tréimhse murach sin, cé go gceadaítear an laghdú sin mura ndeimhnítear intinn chalaoiseach. Ar an tríú dul síos, déanfar breithniú ar an gcás le haghaidh ionchúisimh.

Mar gheall ar chineál pionósach na forála seo, tá arddhualgas chruthúnais ag teastáil go ndearna duine ráiteas bréagach nó míthreorach go feasach nó gur cheil siad aon fhíric go toiliúil. De réir taithí na nOifigeach Achomhairc, ní aithníonn na cinnteóirí sa chéad ásc, go hiomlán, an gá atá le fianaise shuntasach i leith intinn chalaoiseach. Tugadh an cheist seo chun aird na Roinne agus tá sí faoi bhreithniú acu.

### Sochar Míchumais

Sa chás gur bronnadh sochar míchumais ar dhuine, agus go bhfuil sé nó sí thíos le timpiste eile, tá foráil ann chun caillteanas acmhainne a chomhiomlánú, a fhad is nach féidir leis an gcéatadán comhiomlán 100% a shárú.

Chun sochar míchumais a fháil, áfach, ní mór go raibh duine thíos le caillteanas acmhainne de 15% ar a laghad. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh duine bheith thíos le roinnt timpistí, nach sáródh aon cheann díobh ina aonar 15%, ach ní féidir iad seo a chomhiomlánú faoi na forálacha reatha.

Thug an Roinn faoin gceist seo a scrúdú.

# Cúrsaí Eagraíochtúla agus Oibríochtúla

## Acmhainní Foirne

Bhí 96 duine ag obair i m'Oifig ag deireadh 2014, arb ionann seo agus 90.3 comhalta lánaimseartha. Níor tháinig aon athrú ar an líon foirne ón mbliain 2013.

Seo a leanas miondealú ar an líon foirne don bhliain 2014:

| | |
|---|---|
| 1 Phríomhoifigeach Achomhairc | 1.0 |
| 1 Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc | 1.0 |
| *40 Oifigeach Achomhairc (2 oifigeach ag postroinnt) | 39.6 |
| 3 Ardoifigeach Feidhmiúcháin (1 oifigeach ag postroinnt) | 2.8 |
| 12 Oifigeach Feidhmiúcháin (3 oifigeach ag postroinnt) | 11.2 |
| 7 nOifigeach Foirne (2 oifigeach ag postroinnt) | 6.0 |
| 31 Oifigeach Foirne (9 n-oifigeach ag postroinnt) | 28.1 |
| IOMLÁN | **90.3** |

**Bainisteoir na hOifige san áireamh*

Leagtar amach struchtúr m'Oifige sa Chairt Eagraíochtúil in Aguisín 1 leis an tuarascáil seo.

## Ceisteanna Parlaiminte

I gcaitheamh 2014, cuireadh síos 912 Ceist Pharlaiminte (1,087 i 2013) maidir le hobair m'Oifige. Den líon sin, tugadh freagraí ar 897 ceisteanna i nDáil Éireann agus aistarraingíodh na 15 cheist eile nuair a míníodh don Teachta Dála stádas reatha an cháis achomhairc b'ábhar don Cheist.

## Comhfhreagras

Rinne ionadaithe poiblí 5,296 iarratas agus uiríoll, ar an iomlán, ar son achomharcóirí sa bhliain 2014 (8,051 i 2013).

## Saoráil Faisnéise

Fuarthas 134 iarratas foirmiúil in 2014 (110 i 2013) faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Bhain gach ceann de na hiarratais seo le faisnéis phearsanta.

# Cás-Staidéir ar Chinntí na nOifigeach Achomhairc

**Réamhrá**

Is é an cuspóir atá leis na cás-staidéir a leagtar amach sa tuarascáil seo a chur san áireamh ná chun cabhrú le hachomharcóirí amach anseo agus lena n-ionadaithe chun tuiscint a fháil ar an bpróiseas ina ndéantar cinneadh ar na hachomhairc seo agus, níos tábhachtaí ná sin, na ceisteanna a chuireann Oifigeach Achomhairc san áireamh agus cinneadh a dhéanamh ar achomharc. Táthar ag súil leis go gcabhróidh seo le hiarratasóirí a gcás a dhéanamh cibé acu sa chéad ásc nó san achomharc. Sa tuarascáil seo, dhíríomar go hiomlán ar chásanna Liúntas Míchumais.

Bhí an scéim seo mar údar le 21% de na hachomhairc a fuarthas in 2014. As na hachomhairc a ndearnadh cinneadh orthu in 2014, (6,641) ceadaíodh thart ar 70% díobh (*60% ag Oifigigh Achomhairc agus 10% ag Oifigeach Breithiúnachta ar athbhreithniú*) agus dícheadaíodh 30% díobh. Léiríonn an cóimheas idir cásanna a cheadaítear agus a dhícheadaítear sna cás-staidéir a luaitear anseo na céatadáin sin.

Cé go bhféadfaí a mheas go bhfuil an ráta ceadaithe de 70% ard, ní hionann seo agus léiriú ar chinnteoireacht sa chéad ásc. Faoi mar a thugtar chun solais in áiteanna eile sa tuarascáil seo, tarlaíonn sé go minic go gcuirtear fianaise bhreise ar tairiscint ag céim an athbhreithnithe nó an achomhairc, agus is gnách gurb í an fhianaise bhreise seo a imríonn tionchar ar an toradh.

**Cás-staidéir:** Tagraíonn na cás-staidéir seo d'achomhairc a rinneadh maidir le Liúntas Míchumas. Cuireadh in eagar iad d'fhonn gan ainm a lua le faisnéis phearsanta, ach sonraítear téacs chinneadh an Oifigigh Achomhairc, faoi mar a eisíodh é don achomharcóir.

**An cheist atá faoi chaibidil:** Téann gach ceann de na cás-staidéir a shonraítear sa tuarascáil seo i ngleic leis an gceist maidir le cibé acu an bhféadtar nó nach bhféadtar a mheas go bhfuil srian substaintiúil ar an achomharcóir chun tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach, de bhárr mhíchumais sonraithe, a lean nó a bhféadfaí bheith ag súil leis go leanfaidh sé ar feadh tréimhse bliain amháin ar a laghad. Tugtar cuntas ar na forálacha ábhartha reachtúla san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 agus sna Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh, Íocaíochtaí agus Rialú Comhdhlúthaithe), 2007, I.R. 142 de 2007.

**Innéacs:** Soláthraíonn an t-innéacs tagairt ghearr do na cás-staidéir a shonraítear, agus tugann sé le fios cibé acu an ndearnadh an t-achomharc i ndiaidh cinnidh maidir le héileamh nua nó éileamh a bhí á íoc agus ar cuireadh deireadh leis i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an teidlíocht.

# Innéacs na gCás-Staidéar

- **2014/01** Aois 16: Diospraicse, DCD – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/02** Aois 16: ASD – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/03** Aois 16: Caillteanas Éisteachta – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/04** Aois 19: Pairilis Shíceasómatach – éileamh nua, cinneadh achomair
- **2014/05** Aois 22: Míchumas Foghlama – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/06** Aois 22: Heipitíteas C, ADHD – éileamh nua, cinneadh achomair
- **2014/07** Aois 27: Drólainníteas Othrasaithe – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/08** Aois 29: Cromán curtha as alt – cinneadh athbhreithnithe, achomair
- **2014/09** Aois 32: Gortú Glúine – athbhreithniú, éisteacht ó bhéal
- **2014/10** Aois 32: Ainéime Dhíobhálach – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/11** Aois 32: PTSD – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/12** Aois 36: Pian Droma, Dúlagar – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/13** Aois 43: Titimeas – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/14** Aois 43: Gortú Droma – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/15** Aois 44: Dúlagar – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/16** Aois 44: Diaibéiteas, Hipirtheannas – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/17** Aois 45: Ainéaras Ceirbreach, Caillteanas Éisteachta – athbhreithniú, éisteacht ó bhéal
- **2014/18** Aois 49: Pian Droma, Dúlagar – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/19** Aois 49: Pian Droma, Dúlagar – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/20** Aois 50: Diostóine – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/21** Aois 54: Pian Droma, Caillteanas Éisteachta – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/22** Aois 56: Heirnia, Pamparnach – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/23** Aois 56: Oisté-Airtríteas (sa Ghlúin) – éileamh nua, éisteacht ó bhéal
- **2014/24** Aois 58: Steintín Cairdiach, Tultit Lumbach – éileamh nua, éisteacht ó bhéal

**2014/01**
**Míchumas Sonraithe:** Diospraicse agus Neamhordaithe Comhordaithe Forbartha (DCD)

**Cúlra:** Tá an t-achomharcóir 16 bliana d'aois agus é sa chúigiú bliain ag a Choláiste Pobail áitiúil. Bhí Liúntas Cúram Baile á fháil ag a mháthair go dtí gur bhain sé amach 16 bliana d'aois, nuair a tugadh cuireadh dó iarratas a dhéanamh ar Liúntas Míchumais. Nuair a dícheadaíodh a éileamh, rinne sé achomharc agus rinne a thuismitheoirí aighneacht scríofa thar a cheann.

**Éisteacht ó bhéal:** Bhí an t-achomharcóir i dteannta a thuismitheoirí. Ag an tús, míníodh an tsaincheist agus thug an tOifigeach Achomhairc na cáipéisí go léir a bhí i gcomhad an achomhairc le fios, cinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta agus bunús an achomhairc san áireamh. Mhínigh sé, chomh maith, sonraí an próiseas achomhairc.
Thug an t-achomharcóir cuntas gearr ar na nithe is spéis dó, breathnú ar spórt san áireamh. Thug sé cuntas ar an gclár taithí oibre inar ghlac sé páirt nuair a bhí sé san Idirbhliain agus dheimhnigh sé gur thaithin sé seo go maith leis. Dúirt a thuismitheoirí gur cheap siad go raibh dúshláin shuntasacha roimh an achomharcóir, agus thagair siad do na pointí ar tugadh breac-chuntas orthu ina aighneacht scríofa. Arna hiarradh, agus le comhaontú an achomharcóra, labhair an tOifigeach Achomhairc le máthair an achomharcóra agus d'fhág an t-achomharcóir agus a athair an seomra éisteachta.

Thug máthair an achomharcóra breac-chuntas ar na dúshláin a bhí roimh a mac. Thug sí aird ar leith ar na deacrachtaí atá aige le réise díriú intinne agus le cuimhne, a chuid deacrachtaí comhordaithe agus a dhúshláin luaileacha. Thug sí le fios go raibh deacracht mhór aige le sluaite agus gur gnách dó daoine a sheachaint. Luaigh sí go raibh sé ina ábhar leanúnach spochta ag a chomh-ghleacaithe ranga, go háirithe mar gheall ar a dhúshláin chomhordaithe agus a chiotáil bhraite. Dúirt sí nár ghlac sé páirt sna spóirt in aon chor, agus gur chaith sé a chuid ama sa mbaile, ag breathnú ar an teilifís nó ag plé leis an ríomhaire. Thagair sí dá dhroch-fhéinmheas agus dá easpa muiníne. Sholáthair sí tuairisc leighis ó L.G. a mhic, inar luadh go bhfuil sé neirbhíseach agus cúthaileach; gur deacair dó feidhmiú i suíomhanna sóisialta, go háirithe má tá grúpaí móra i gceist, agus go dteastaíonn cúnamh agus maoirsiú uaidh sa mbaile agus ar scoil.
**Ráiteas/Tuairim**: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur fear óg deas cairdiúil a bhí san achomharcóir, a rinne teagmháil mhaith leis agus a bhí sách díocasach faoina chuid ábhair spéise. Mheas sé go ndearna sé beag de na

dúshláin atá roimhe, a raibh na tuairiscí leighis agus aighneachtaí a thuismitheoirí ann mar fhianaise orthu seo.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara na sonraí ar tugadh cuntas orthu sna tuairiscí leighis a ghabh le foirm éilimh an achomharcóra, lena n-áirítear na tuairiscí speisialtóra a thagair do theiripe urlabhra agus teanga agus do theiripe shaothair, agus do thuairiscí an Phéidiatraí agus an tSíceolaí. Thug sé chun suntais, chomh maith, tríd an bpróifíl chumais/mhíchumais a chomhlánú ar an bhfoirm éilimh, go ndearna a L.G. an measúnú seo a leanas ar an achomharcóir:

- Meabhairshláinte/Iompar – faoi thionchar mheasartha
- Foghlaim/Éirim – faoi thionchar mheasartha
- Cothromaíocht/Comhordú – faoi thionchar mheasartha agus tionchar tromchúiseach
- Deaslámhacht – faoi thionchar mheasartha
- Urlabhra – faoi thionchar bheag

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur tugadh le fios go raibh deacrachtaí ag an achomharcóir feidhmiú i suíomhanna sóisialta, go raibh dúshláin roimhe i dtaobh díriú intinne agus cuimhne, agus go raibh fadhbanna air le comhordú agus le scileanna luaileacha. Thug sé faoi deara i dtuairisc agus i measúnú a L.G. agus ina ráiteas go dteastaíonn cúnamh agus maoirsiú ón achomharcóir sa mbaile agus ar scoil, cé nár ceadaíodh é le haghaidh tacaíocht Chúntóir Riachtanas Speisialta (CRS). Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara, chomh maith, gur íocadh Liúntas Cúram Baile leis an achomharcóir go dtí gur bhain sé amach 16 bliana d'aois agus, maidir leis sin, gur glacadh go raibh a riocht leighis chomh dona sin gur theastaigh i bhfad ní ba mhó cúraim agus airde uaidh ná daoine atá ar chomhaois leis, nach raibh faoi aon mhíchumas.

Thug sé faoi deara gur chríochnaigh an t-achomharcóir a Theastas Sóisearach agus gur deonaíodh trí huaire breise de mhúinteoireacht acmhainne dó gach seachtain. Thug sé faoi deara nach raibh aon fhíor-thaithí oibre ag an achomharcóir, seachas seachtain nó dhó mar chuid de chlár na hIdirbhliana. Ina leith sin, thug sé faoi deara gur tharraing a thuismitheoirí aird ina n-aighneacht ar na dúshláin shuntasacha a tháinig chun solais nuair a bhí an t-achomharcóir ar socrúchán oibre.

Ba é breithniú an Oifigeach Achomhairc gur thug an fhianaise le fios gur theastaigh tacaíocht, treoir agus maoirsiú dlúth ón achomharcóir. Mheas sé nach mbeadh sé in ann, ag an bpointe seo, tabhairt faoi obair i dtimpeallacht nach bhféadfaí maoirsiú dlúth agus airdeallach a dhéanamh air inti, agus gur theastaigh maoirsiú i bhfad ní ba mhó uaidh ná mar a theastódh ó dhaoine ar chomhaois agus ar chomhthaithí leis de ghnáth. I dtaobh na cothromaíochta de,

agus aird dhlúth ar an bhfianaise uile a bhí ar fáil, arna n-áiritear aighneacht an achomharcóra féin, litir achomhairc a thuismitheoirí agus an fhianaise ó bhéal a soláthraíodh i gcaitheamh na héisteachta ó bhéal ghlac sé leis gur deimhníodh, ag an tráth seo, go bhfuil srian substainseach ar an achomharcóirar ar aon dul leis na forálacha reachtúla rialaithe.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Ceadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair ar cheart a bheith oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí agus gur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad.

Nuair a thugtar aird chúramach ar an bhfianaise go léir atá ar fáil, cinntím gur dheimhnigh an t-achomharcóir go bhfuil srian substaintiúil air, ar aon dul leis na forálacha reachtúla Leasa Shóisialaigh. Sna cúinsí, éiríonn leis an achomharc.

## 2014/02
## **Míchumas Sonraithe:** Neamhord ar Speictream an Uathachais

**Cúlra:** Freastalaíonn an t-achomharcóir atá 16 bliana d'aois ar mheánscoil agus tá sé san Idirbhliain. I ndiaidh gur diúltaíodh dá éileamh ar Liúntas Míchumais, rinne athair an achomharcóra achomharc thar a cheann. Luaigh sé nach raibh a mhac in ann cumarsáid a dhéanamh maidir leis an gceist seo, ag tagairt dá dhiagnóis Uathachais ó 3 bliana d'aois agus tuairiscí a chur faoi bhráid aige ó na Seirbhísí áitiúla Meabhairshláinte Leanaí agus Déagóirí, an Síceolaí Oideachais a mheasúnaigh an t-achomharcóir, agus Príomhoide na Scoile. Chuir sé breac-chuntas san áireamh freisin ar ghnáthlá scoile a bhí curtha le chéile ag Cúntóir lánaimseartha Riachtanas Speisialta (CRS) a mhic.

Mhaígh a athair gur theastaigh maoirsiú leanúnach ó dhuine fásta ón achomharcóir chun freastal ar a rannpháirtíocht sa tsochaí, lena n-áirítear timpeallachtaí oideachais, agus go bhfuil seo i gceist go leanúnach. Luaigh sé nach raibh sé ar chumas a mhic idirghníomhú lena chomh-ghleacaithe, nach raibh sé in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt in ainneoin go ndearna sé iarracht páirt a ghlacadh sna hOilimpeacha Speisialta. Luaigh sé go gcaitheann sé saol aonarach agus go gcuireann athrú isteach air gan stró, an oiread sin go bhféadfadh sé féindíobháil a dhéanamh dó féin. Tá lag-scileanna sóisialta aige agus, cé go bhfuil sé san Idirbhliain faoi láthair, bíonn a CRS ina chuideachta nuair a théann sé ar thaithí oibre. Mar chonclúid, mhaígh sé nach bhfuil an t-achomharcóir in ann tasc a chomhlánú nó obair i dtimpeallacht a d'fhéadfaí a mheas a mbéadh oiriúnach dá aois, dá thaithí agus dá cháilíochtaí.

Agus an phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú aige, rinne a L.G. measúnú ar an achomharcóir agus deimhníodh go raibh tionchar á imirt air sna cumais seo a leanas:

- Foghlaim/Éirim – faoi thionchar bheag

- Cothromaíocht/Comhordú – faoi thionchar bheag
- Meabhairshláinte/Iompar – faoi thionchar mheasartha

**Éisteacht ó bhéal:** Bhí an t-achomharcóir i dteannta a athar. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara nár ghá níos mó ná ceist nó dhó a chur ar an achomharcóir sula raibh sé soiléir go raibh éagumas an-tromchúiseach air an oiread sin nach dócha go mbeidh sé riamh in ann maireachtáil go neamhspleách, gan aird a thabhairt ar fhostaíocht. D'aithin a athair an gá a bhí leis an achomarcóir a fheiceáil agus luaigh sé gur tharla go raibh a iompar agus a ghníomhartha ag an éisteacht ó bhéal an-mhaith i dtaobh lena ghnáthiompair.
**Ráiteas/Tuairim:** Mheas an tOifigeach Achomhairc gur thaispeáin an t-achomharcóir an t-iompar agus na comharthaí seachtracha a léirigh a dhiagnóis. Bhí sé faoin tuairim go raibh measúnú an L.G. beag beann ar réadúlacht a reachta, faoi mar a thug sé faoi deara é ag an éisteacht ó bhéal. Ghlac sé leis go bhfuil srian an-dian ar an achomharcóir, agus gur dócha go mbeidh amhlaidh, agus é ag tabhairt faoi aon fhostaíocht anois nó amach anseo agus, dá réir, gur cheart go n-éireodh leis an achomharc.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:**
Ceadaítear an t-achomharc.

## 2014/03
## **Míchumas Sonraithe:** Caillteanas Dháthaobhach Éisteachta

**Cúlra:** Tá an t-achomharcóir 16 bliana d'aois agus rinne sé iarratas ar Liúntas Míchumais i 2014. Chríochnaigh sé clár Idirbhliana sa mheánscoil a raibh sé ag freastal uirthi agus bhí se sa chúigiú bliain inti ag tráth na héisteachta ó bhéal.

**Éisteacht ó bhéal:** Bhí an t-achomharcóir i dteannta a athar. Mhínigh an tOifigeach Achomhairc a ról, agus thug sé breac-chuntas ar nós imeachta na héisteachta ó bhéal agus an cheist a bhí faoi chaibidil. D'fhiafraigh sé den achomharcóir an raibh aon deacracht aige é a chloisteáil nó é a thuiscint agus thug sé le fios nach raibh. D'fhiafraigh an tOifigeach Achomhairc den achomharcóir faoina chás reatha. Chuir sé in iúl gur chríochnaigh sé an Teastas Sóisearach an bhliain seo caite agus go dtabharfadh sé faoi scrúdú na hArdteistiméireachta in 2015. Dúirt sé gur mhian leis tabhairt faoina staidéir tríú leibhéal ina dhiaidh sin. D'fhiafraigh an tOifigeach Achomhairc ar ghlac sé riamh le post samhraidh agus d'fhreagair sé gur oibrigh sé ar feadh trí lá le seilfeanna a phacáil i n-ollmhargadh áitiúil mar chuid de shocrúchán taithí oibre san Idirbhliain.
Mar fhreagairt ar an gceist faoi conas a bhí tionchar á imirt ag a chaillteanas éisteachta air ar scoil, chuir an t-achomharcóir in iúl nár chuala sé i gcónaí cad a bhí á rá, ach

go n-iarradh sé ar an múinteoir é a athrá. Dúirt sé gur bhraith sé go raibh a leibhéal éisteachta seasmhach faoi láthair agus go raibh ag éirí sách maith leis. Luaigh sé gurbh í an deacracht ba mhó a bhí aige ná bheith taobh amuigh agus nach féidir leis a chloisteáil cad atá ag tarlú taobh thiar de agus gur gá dó 'bheith cúramach.

D'iarr athair an achomharcóra cead labhairt leis an Oifigeach Achomhairc leis féin. D'iarr an tOifigeach Achomhairc ar thoiliú an achomharcóra agus thug sé é. Luaigh a athair go ndéanann an t-achomharcóir fantaisíocht agus go bhfuil sé an-pháistiúil nuair a chuirtear a aois san áireamh. Dúirt sé gur gá bheith ag faire air an t-am go léir agus luaigh sé uair a ghlac sé gluaisteán an teaghlaigh ar thiomáint gan chead , gur thuairteáil sé é agus gur briseadh an ghaothscáth. Luaigh sé go raibh an achomharcóir ag streachailt leis ar scoil agus nach gcasann sé ar imeachtaí sóisialta go minic lena gcomh-ghleacaithe. Dúirt sé gurbh ionann agus post lánaimseartha faire air nuair nach raibh sé ar scoil agus go raibh coimhlint leanúnach ann maidir le hobair bhaile agus fanacht ina shuí go déanach istoíche. B'ábhar buartha dhó go bhféadfadh an t-achomharcóir éirí istoíche mura bhféadfadh sé codladh agus dul lasmuigh chun peil a imirt

**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc aird ar an fhianaise leighis a bhí ar fáil maraon le cuntas an achomharcóra féin ar a riocht. Bhí sé sásta go gcuirfeadh a chaillteanas éisteachta roinnt srianta ar an saghas oibre a d'fhéadfadh sé tabhairt fúithi ach níor mheas sé go raibh sé chomh dona sin go gcuirfeadh sé srian substainteach ar a dhul chun cinn ó thaobh oideachas nó oiliúint agus fostaíocht oiriúnach a aimsiú. Thug sé le fios gur chuir sé ábhair bhuartha a athar san áireamh, a tugadh le fios ag an éisteacht ó bhéal, cé gur thug sé faoi deara nach raibh aon fhianaise leighis ann a thabharfadh le fios go raibh an t-achomharcóir thíos le deacrachtaí meabhairshláinte nó iompair. Tar éis an fhianaise go léir a bhí ar fáil a chur san áireamh, cheap an tOifigeach Achomhairc nár deimhníodh go raibh srian substainteach ar an achomharcóir chun tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Dícheadaítear an t-achomharc. Cinntím nach bhfuil an t-achomharcóir i dteideal íocaíocht Liúntas Míchumais mar gheall nach bhfuil srian substainteach air chun tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach.
**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Chuir mé san áireamh an fhianaise leighis a bhí ar fáil agus cuntas an achomharcóra féin ar a riocht. Táim sásta go gcuirfeadh a chaillteanas éisteachta roinnt srianta ar an saghas oibre a bhféadfadh sé tabhairt fúithi, ach ní mheasaim go bhfuil sé chomh dona sin go gcuireann sé srian substainteach ar a dhul chun cinn trí oideachas/oiliúint ná i bhfostaíocht oiriúnach. Tar éis an fhianaise go léir a bhí ar fáil a chur san áireamh, ráiteas athair an achomharcóra san áireamh, ní mheasaim gur deimhníodh go bhfuil srian substainteach ar an achomharcóir, faoi láthair, chun tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach. Ar an drochuair, ar an ábhar sin, dícheadaítear lena achomharc

.

## 2014/04
Pairilis Shíceasómach

**Cúlra:** Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Liúntas Míchumais nuair a bhí sí 19 mbliana d'aois, nach mór bliain i ndiaidh go bhfuair sí diagnóis. Sholáthair sí fianaise leighis ó Néareolaí Comhairleach, Máinlia Ortaipéideach Comhairleach agus Síciatraí Comhairleach. Nuair a bhí an phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú aige, rinne a L.G. measúnú ar a meabhairshláinte/a hiompar a dheimhnigh go raibh tionchar mór á imirt orthu, go raibh tionchar measartha á imirt ar a cumas fisiciúil in dhá chatagóir agus go raibh tionchar trom á imirt uirthi maidir lena lámha a shíneadh amach agus lena deaslámhacht. Dícheadaíodh a héileamh agus rinne sí achomharc ar déileáladh leis trí chinneadh achomair.

**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur thug an fhianaise leighis le fios gur chaill an t-achomharcóir feidhm a géag láimhe chlé mar thoradh ar thitim, agus nach raibh sí in ann an géag láimhe a bhogadh ó shin i leith. Níor thángthas ar aon mhíniú ar an riocht seo agus bhíothas faoin tuairim nár riocht fiseolaíoch a bhí ann agus go bhféadfadh sí sochar a bhaint ó mheasúnú síciatrach agus síceolaíoch. Dá réir sin, rinne an tOifigeach Achomhairc scrúdú ar na ceisteanna maidir le cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí glacadh leis gurb ionann caillteanas a láimhe/géige láimhe clé agus srian substainteach uirthi tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach,ar lean seo ar feadh bliana, ar a laghad, nó an bhféadfaí nó nach bhféadfaí bheith ag súil leis go réasúnta go leanfadh sé ar feadh tréimhse bliain amháin eile ar a laghad. Mheas sé go raibh an t-achomharcóir thíos le srian substainteach chun tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach agus, mar gheall gur mhair an riocht seo ar feadh thart ar ocht mí ag tráth an iarratais agus nár éirigh leis an ngairm leighis é a mhíniú, go bhféadfaí bheith ag súil leis go réasúnta go leanfadh sé don todhchaí intuartha. Sna cúinsí, ceadaíodh an t-achomharc agus luaigh an tOifigeach Achomhairc go rabhthas ag súil leis go dtiocfadh feabhas ar riocht an achomharcóra in am agus i dtráth.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:**
Ceadaítear an t-achomharc.

## 2014/05
Míchumas Foghlama

**Cúlra:** Tá diagnóis Mhíchumas Foghlama ag an achomharcóir, atá 22 bliain d'aois. Thug an fhianaise a bhí i gcomhad le fios go raibh sí ina h-íospartach d'fhoréigean baile nuair a bhí sí ina leanbh óg agus gur gortaíodh a ceann go dona. Agus a próifíl chumais/mhíchumais á comhlánú, rinne a L.G. an measúnú seo a leanas uirthi:

- Meabhairshláinte/Iompar – faoi thionchar mheasartha
- Foghlaim/Éirim – faoi thionchar mheasartha
- Amharc – faoi thionchar mheasartha
- Cothromaíocht/Comhordú – faoi thionchar bheag
- Deaslámhacht – faoi thionchar mheasartha
- Ardú/Iompar – faoi thionchar bheag
- Lúbadh/Dul ar na Glúine/Dul ar na Gogaide – faoi thionchar bheag

Luaigh an L.G., chomh maith, go raibh an t-achomharcóir ag feitheamh le coinne leis na Seirbhísí Míchumas Foghlama agus go raibh sí ag freastal faoi láthair ar chúrsa chun a scileanna féinmhuiníne agus sóisialacha a fheabhsú. San aighneacht achomhairc, d'iarr athair an achomharcóra ar bhreis ama chun fianaise leighis a sholáthar. Rinneadh tagairt do mheasúnú néareolaíoch ar tugadh faoi agus tugadh le fios go dtabharfadh sé seo léirirmheas ní ba shoiléire ar conas atá an t-achomharcóir ag streachailt le dualgaisí laethúla. D'eisigh Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh litir ag iarraidh cóip den tuarascáil seo ach ní bhfuarthas aon fhreagairt. Dá réir sin, rinne an tOifigeach Achomhairc éisteacht ó bhéal a chur ar siúl.

**Éisteacht ó bhéal:** D'fhreastail an t-achomharcóir i gcuideachta a hathar. Tar éis cuntas a thabhairt ar an gcinneadh a bhí á achomharc, thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go rabhthas le breis fianaise leighis a sholathar agus nár tugadh aon fhreagairt ar iarratas scríofa ar an bhfianaise sin. Ghabh athair an achomharcóra a leithscéil, agus dúirt sé nach raibh an t-achomharcóir féin in ann déileáil leis an bpáipéarachas agus go raibh sé ar intinn aigesean freagra a thabhairt. Thug sé le fios go raibh Liúntas Míchumais á fháil aige féin, go mbíonn sé thíos le dúlagar, agus nár thug sé aird ar an ngá le freagra a thabhairt ar an gcomhfhreagras. Lean sé ar aghaidh lena rá go raibh sé an-dírithe ar na ceisteanna a réiteach thar ceann a iníne agus leag sé amach na deiseanna a mbéadh ar fáil di dá mbeadh an Liúntas Míchumais á fháil aici. Luaigh sé an tacaíocht a sholáthraíonn an Líonra Náisiúnta Foghlama agus ainmneacha fostóirí a tugadh dó, áit a soláthraítear fostaíocht do dhaoine atá faoi mhíchumas – a fhad agus go raibh an Liúntas Míchumais á fháil acu.

Thagair athair an achomharcóra don tráma agus do ghortú cinn a bhí uirthi nuair a bhí sí ina leanbh óg agus thug sé cuntas ar an gcúlra a bhí lena iarratas chun caomhnóireacht a fháil agus ar a thaithí mar thuismitheoir aonair. Dúirt sé gur fhreastail an t-achomharcóir ar scoileanna príomhshrutha, agus gur tugadh tacaíocht foghlama di fad an bhealaigh. Thug sé le fios gur fhreastail sí ar líon cúrsaí a bhí á reáchtáil ag an Líonra Náisiúnta Foghlama agus gur ceadaíodh di páirt a ghlacadh agus liúntas a fháil, amhail is a bhí Liúntas

Míchumais á fháil aici. Dúirt sé go raibh sé ag súil leis go bhféadfadh a iníon fostaíocht a fháil, ar deireadh, b’fhéidir ar bhonn páirtaimseartha i dtosach, ag féachaint d’éirí níos neamhspleáiche.

Dúirt an t-achomharcóir go ndearna sí cúrsa i gcúram ainmhithe ar feadh dhá bhliain, agus cúrsa i gceardaíocht ina dhiaidh sin. Thug sí le fios nach raibh aon rud le déanamh aici faoi láthair, agus dúirt sí go bhféachann sí ar an teilifís agus go gcaitheann sí a cuid ama lena madraí. Thagair a hathair do na cairde a rinne sí tríd an gclub sóisialta a bhunaigh an Líonra Náisiúnta Foghlama, agus do na himeachtaí a eagraíonn siad agus do na turasanna ó bhaile ar a bhfreastalaíonn siad. D’aontaigh an t-achomharcóir gur bhain sí sult as chomhluadar a cairde.

**Ráiteas/Tuairim:** In éagmais na fianaise breise leighis dá dtagraítear in aighneacht an achomhairc, cinntíodh go mbeadh éisteacht ó bhéal cabhrach sa gcás seo. Tar éis an deis a bheith aige casadh leis an achomharcóir, agus tar éis éisteacht leis an gcuntas a thug a hathair ar na deacrachtaí a bhíonn aici ar bhonn laethúil agus an tacaíocht a theastaíonn uaithi, ní raibh amhras ar bith ar an Oifigeach Achomhairc ach gur cheart a mheas go gcomhlíonann an t-achomharcóir na critéir cháilitheacha chun Liúntas Míchumais a fháil.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Ceadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh**: Tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise sa gcás seo, lena n-áirítear na sonraí a chuir an t-achomharcóir agus a hathair i láthair ag an éisteacht ó bhéal, tá mé sásta go gcomhlíonann sí an coinníoll comhlíontach leighis chun Liúntas Míchumais a fháil agus éiríonn leis an achomharc.

## 2014/06
## Heipitíteas C, ADHD, Mí-Úsáid Drugaí

**Cúlra:** Bhí Liúntas Míchumais á fháil ag an achomharcóir, d’aois 22 bliain, ar feadh sé bliana sula raibh uirthi dul faoi phianbhreith choimeádta. Ar scaoileadh di,dícheadaíodh a héileamh. Déileáladh lena hachomharc in aghaidh an chinnidh sin ar bhonn achomair. **Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara an fhianaise agus na sonraí ar tugadh cuntas orthu maidir le cúlra oideachais an achomharcóra. D’fhreastail sí ar scoil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus ní féidir léi léamh ná scríobh gan cabhair a fháil óna muintir nó cairde. Thug sé aird ar an fhaisnéis a soláthraíodh maidir leis an am a chaith sí sa bpríosún agus an chaoi nár luadh aon chúis leis an gcinneadh chun a héileamh a dhícheadú tar éis gur scaoileadh léi. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a bhí ar fáil, mheas an tOifigeach Achomhairc gur shásaigh an t-achomharcóir na coinníollacha chun Liúntas Míchumais a fháil.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Ceadaítear an t-achomharc.
**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair ar cheart a bheith oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíocht agus ní mór gur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad.

Tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a bhí ar fáil sa gcás seo, tá mé sásta gur dheimhnigh an t-achomharcóir go gcomhlíonann sí na coinníollacha leighis chun Liúntas Míchumais a fháil. Sna cúinsí, ceadaítear an t-achomharc.

## 2014/07
## Drólainníteas Othrasaithe/Galar Crohn agus Caillteanas Éisteachta

**Cúlra:** Tuismitheoir aonair atá san achomharcóir, d'aois 27 bliain, a bhfuil leanbh amháin aici agus a raibh Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora á fáil aici agus a bhfuil éileamh á dhéanamh anois aici ar Liúntas Míchumais.
**Éisteacht ó bhéal:** D'fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht ina haonar. Thug sí le fios go raibh sí ag oibriú i n-ollmhargaí agus I siopaí miondíola ach nár oibrigh sí le déanaí. Dúirt sí go bhfuil a cumas éisteachta an-teoranta agus gur gá di léamh beola a dhéanamh go hiondúil. Thagair sí do mheasúnú a rinneadh uirthi le déanaí ina hospidéal áitiúil agus chuir sí in iúl go raibh coinne aici go suiteálfar áis éisteachta inti i gceann sé seachtaine. Thug sí le fios, ina dhiaidh sin, gur bhraith sí go dona ar feadh roinnt seachtainí, agus go raibh uirthi an seomra folctha a úsáid go han-mhinic agus go raibh fuiliú reicteach uirthi. D'fhreastail sí ar dhochtúirí agus ar na rannóga Timpiste agus Éigeandála ina hospidéal áitiúil agus ar ospidéal i mBaile Átha Cliath, mar a thugann sí cuairt ar a muintir, agus tugadh pianmhúcháin di lena dtabhairt abhaile léi. Nuair a thug sí cuairt ar Bhaile Átha Cliath in 2013, thit sí i laige agus tugadh chun an ospidéil í, áit a ndearnadh diagnóis Drólainnítis Othrasaithe uirthi. Dúirt sí nach raibh na dochtúirí cinnte cibé acu an raibh Drólainníteas Othrasaithe nó Galar Crohn uirthi, agus dúirt sí go raibh othrais boilg uirthi chomh maith.
Thug an t-achomharcóir le fios go bhfreastalaíonn sí faoi láthair ar Chomhairleach gach trí mhí, go ndéantar ionscópacht ar an drólann agus gastrascópacht uirthi go rialta, agus gur ordaíodh go leor cógais di. Dúirt sí gur gá di reamh-phleanáil a dhéanamh ar aon turas nó cuairt ionas go mbíonn teacht gan stró aici ar sheomra folctha.
**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh ar an achomharcóir dul i ngleic le deacrachtaí móra ag aois an-óg, go ndearnadh diagnóis ina leith go raibh Drólainníteas Othrasaithe nó Galar Crohn uirthi agus go bhfuil fadhbanna suntasacha éisteachta uirthi, a bhfuiltear ag súil leis go bhféadfar cabhrú leis an bhfadhb seo trí áiseanna éisteachta a shuiteáil. Bhí sé sách go raibh srian substainteach uirthi mar gheall ar a

ngearáin leighis chun tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach agus bhí sé sásta gur chomhlíon sí na coinníollacha chun Liúntas Míchumais a fháil.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:**
Ceadaítear an t-achomharc.

## 2014/08
## Cromáin curtha as Alt –Dáthaobhach-Comhbheirthe

**Cúlra:** Rinne an t-achomharcóir, d'aois 29 bliain, iarratas ar Liúntas Míchumais i 2009. Dheimhnigh a L.G. a héagumas agus d'atreoraigh sé í chun tabhairt faoi roinnt obráidí. Dheimhnigh sé gur tugadh faoin obráid ba dhéanaí uirthi, ag an tráth sin, dhá bhliain roimhe sin, agus go raibh sí ag feitheamh ar bhreis máinliachta. Dícheadaíodh an t-éileamh agus rinne sí achomharc. I ndiaidh éisteacht ó bhéal in 2011, mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh roinnt laige fós ar an achomharcóir ach nach raibh an oiread sin de lagú uirthi go bhféadfaí a mheas gurbh ionann é agus lagú suntasach agus bhí sé faoin tuairim nár comhlíonadh na coinníollacha cháilíochta. Rinne an t-achomharcóir athiarratas i 2013 agus bronnadh Liúntas Míchumais uirthi. Thug a L.G. faoi deara gur thug sí faoi athchur cromáin iomláin i 2012, agus go raibh sí thíos le pian ainsealach agus le dúlagar.

**Áitiú an achomharcóra:** D'iarr an t-achomharcóir go mbronnfaí Liúntas Míchumais uirthi le héifeacht ó dháta a hiarratais tosaigh agus sholáthair sí cuntas mionsonraithe ar a stair leighis chun tacú leis an iarratas sin. Thagair sí d'a diagnóis, a máinliacht agus a bainistiú péine. Ina theannta sin, mhaígh sí gur eascair a diagnóis i leith Dúlagair as a saincheisteanna fairsinge leighis, agus ar atreoraíodh í chuig Síciatraí mar gheall orthu.

Tar éis Liúntas Míchumais a bhronnadh uirthi i 2013 agus aird ar iarratas an achomharcóra go siardhátófar an íocaíocht chuig a hiarratas tosaigh i 2009, ba í an cheist a bhí faoi chaibidil ná cibé acu an raibh nó nach raibh cinneadh an Oifigigh Achomhairc i 2011 mícheart i gcomhthéacs fianaise nua nó fíricí nua, faoi mar a fhoráiltear faoi Alt 317. Scrúdaigh an dara hOifigeach Achomhairc an cheist seo.

Forálann Alt 317 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna leasú:

*1. Féadfaidh oifigeach achomhairc athbhreithniú a dhéanamh, ag tráth ar bith, ar chinneadh oifigeach achomhairc—*

> *(a) sa chás gur dealraitheach dó nó di go raibh an cinneadh mícheart i bhfianaise fianaise nua nó fíricí nua a tugadh chun a airde nó a hairde ón dáta a rinneadh an cinneadh, nó*
>
> *(b) sa chás—*
>
> > *(i) gurbh é toradh an chinnidh chun an teidlíocht a thabhairt do dhuine aon sochar a fháil laistigh den chiall atá in alt 240, agus*
> >
> > *(ii) gur dealraitheach don oifigeach achomhairc gur tháinig aon athrú ábhartha ar chúinsí a tháinig chun airde ó rinneadh an cinneadh sin.*

*2. I bhfo-alt (1)(b)(ii), ciallaíonn an tagairt d'aon athrú ábhartha ar chúinsí aon athrú ábhartha cúinsí a tharla sular tháinig an*

*Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2013 i bhfeidhm, nó i ndiaidh don Acht sin teacht i bhfeidhm.*

**Ráiteas/Tuairim:** Nuair a rinne an tOifigeach Achomhairc scrúdú ar an gcás, thug sé an méid a leanas faoi deara:

1. Diúltaíodh an t-iarratas tosaigh ar an mbunús nár chomhlíon an t-achomharcóir an coinníoll cáilitheach, rinneadh cinneadh a bhí bunaithe ar thuairim na Measúnóirí Leighis nár measadh go mairfeadh an srian reatha a bhí uirthi breis agus bliain amháin – a thug le fios gur glacadh leis go raibh srian substainteach uirthi ag an am, ach nach rabhthas ag súil leis go mairfeadh an riocht ach ar feadh achair gearr.
2. Ba shoiléir, i ndiaidh imeachtaí a thit amach ina dhiaidh sin, go raibh riocht leighis an achomharcóra, agus an srian a bhí uirthi ina dhiaidh sin, ina riocht leanúnach ón tréimhse a rinne sí a céad iarratas. Sholáthair sí fianaise, go háirithe, i leith fadhbanna leanúnacha tar éis na máinliachta i 2009 agus gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an máinliacht sin I 2012.
3. Ó rinne sí a héileamh tosaigh i 2009, bhí saincheisteanna suntasacha bainistithe péine ag an achomharcóir a chuirfeadh srian substainteach ar a cumas chun tabhairt faoi fhostaíocht.
4. Bhí Dúlagar i gceist le riocht leighis an achomharcóra ag an tráth a rinne sí a dara hiarratas, nár deimhníodh san iarratas tosaigh. Dheimhnigh an fhianaise leighis, áfach, go raibh sí ag déileáil leis seo ó bhí 2011 ann, ar a dhéanaí, cé nach ndearnadh aon tagairt don fhíric seo i dtuairisc na héisteachta ó bhéal i 2011.
5. Luadh i dtuairisc an tSíciatraí Chomhairligh gur imir riocht fisiciúil an achomharcóra tionchar suntasach uirthi agus gur bhain sé dá muinín agus dá cumas oibre.

Mheas an tOifigeach Achomhairc gur shoiléir go raibh an t-achomharcóir thíos go mór le tionchar an Dúlagair sular atreoraíodh í chuig an Síciatraí Comhairleach i 2011. Thug sé faoi deara, nuair a bhí breithniú á dhéanamh aige ar na saincheisteanna sa chás, gur bhain seo go mór le hábhar nár chosúil gur cuireadh seo san áireamh maidir lena hiarratas tosaigh nó i gcomhthéacs a hachomhairc.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a bhí ar fáil, agus a aithint go raibh sé in ann féachaint siar maidir leis na srianta fadmharthanacha a leagadh ar an achomharcóir mar thoradh ar a riochtaí sláinte, leasaigh an tOifigeach Achomhairc an cinneadh a rinneadh ní ba luaithe ar an achomharc, faoi fhorálacha Alt 317(1)(a) den Achta Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005. Dá réir sin, d'áitigh sé go bhféadfadh an t-achomharcóir na coinníollacha

cháilitheacha a chomhlíonadh chun Liúntas Míchumais a fháil le héifeacht ó dháta sonraithe i 2009.

**CINNEADH ATHBHREITHNITHE:**
Ceadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Deimhním, le héifeacht ón [dáta sonraithe] in 2009, go raibh an t-achomharcóir thíos le riocht leighis a rabhthas ag súil leis go réasúnta go leanfadh sé ar feadh bliain amháin, ar a laghad, agus mar thoradh ar an riocht seo, go raibh srian substainteach uirthi tabhairt faoi obair ar cheart a bheith oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a bhí ar fáil (agus a bheith in ann féachaint siar maidir leis na srianta fadmharthanacha a leagadh ar an achomharcóir mar thoradh ar a riochtaí sláinte), tá an cinneadh achomhairc á leasú agam sa chás seo faoi Alt 317(1)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

## 2014/09
## **Míchumas Sonraithe:** Gortú glúine i ndiaidh timpiste bóthair.

**Cúlra:** Bhí Liúntas Míchumais á fháil ag an achomharcóir, fear singil 32 bliain d’aois, go dtí dáta i 2013, nuair a dícheadaíodh a éileamh. D’eascair a éagumas as ghortú glúine a tharla dó i dtimpiste bóthair i 2007. Thug an fhianaise leighis le fios go raibh glúin righin dheas aige agus gur dócha go mbeidh seo air go brách. Agus an measúnú a chomhlánú ar a chumais fheidhmeacha, dheimhnigh L.G. an achomharcóra go raibh sé chinn de na hocht gcatagóir mar ghnách, go raibh catagóir amháin faoi thionchar bheag agus go raibh catagóir amháin eile faoi thionchar measartha; i dtaobh na gcumas fisiceacha, dheimhnigh sé go raibh catagóir amháin gnách, go raibh catagóir amháin faoi thionchar mheasartha agus go raibh sé chatagóir faoi thionchar tromchúiseach. Chas Measúnóir Leighis ón Roinn Coimirce Sóisialaí leis don uair dheireanach i 2007. Tar éis gur dícheadaíodh a éileamh ar an Liúntas Míchumais, íocadh ioncaim bhunúsach leis and achomharcóir faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach.

**Éisteacht ó bhéal:** Ní raibh aon duine i gcuideachta an achomharcóra ag an éisteacht. Chuir sé in iúl gur oibrigh sé mar mhaoirseoir glantacháin do chomhlacht mhór ghlantacháin go dtí 2006, nuair a leagadh as é agus nuair a rinne sé éileamh ar Liúntas Cuardaitheora Poist. Thagair sé don timpiste bóthair i 2007 inar gortaíodh a ghlúin agus ina bhfuair paisinéir eile bás. Luaigh sé gur chaith sé sé seachtaine san ospidéal I ndiaidh na timpiste. D’fhreastail sé ar chlár fisiteiripe ina dhiaidh sin agus leanann sé leis ag freastal ar Chomhairleach Ortaipéideach uair sa mbliain. Dúirt sé gur ordaíodh cógas codlata agus cógas frith-athlastach dó, a thógann sé nuair is gá.
Thug an t-achomharcóir le fios go raibh lúbadh de 15-20 céim ina ghlúin dheas aige, go bhféadfadh pian teacht air má shiúlann sé achair fhada agus go bhféadfadh pian teacht ar a chos dheas má shuíonn sé ar feadh tamaill ró-fhada. Dúirt

sé go mbíonn pian air agus é ina chodladh. Dúirt sé gur úsáid sé maide siúil go dtí 2009 ach nach dteastaíonn sé a thuilleadh. Thug sé le fios gur chláraigh sé le SOLAS (an tÚdarás Breisoideachais agus Breisoiliúna) agus go ndearna sé iarratas ar phost páirtaimseartha agus ar chúrsa plástrála.

**Ráiteas/Tuairim:** Luaigh an tOifigeach Achomhairc gur cosúil nach raibh aon deacracht ag an achomharcóir chun siúil agus gur thug an fhianaise le fios go ndearna sé dul chun cinn as an ngortú a rinneadh dó. Thug sé chun suntais go mbaineann an téarma 'fostaíocht oiriúnach' le réimse leathan saghsanna fostaíochta, ní hamháin gnáthobair agus rogha oibre an duine féin agus thug sé chun suntais chomh maith go raibh an t-achomharcóir ag tabhairt faoi chuardach poist.

Mheas sé, cé gur dócha go mbeidh gortú glúine an achomharcóra fadmharthanach agus go gcuirfidh sé srian air chun tabhairt faoi roinnt saghsanna fostaíochta, níor deimhníodh go raibh srian substainteach anois air chun tabhairt faoi chuile fhostaíocht oiriúnach. Mheas sé nár chomhlíon an t-achomharcóir na coinníollacha riachtanacha chun Liúntas Míchumais a fháil agus luaigh sé gur faoi féin a bhí se chun ath-iarratas a dhéanamh ar Liúntas Míchumais sa chás go mbeadh fianaise nua/fianaise breise leighis ar fáil.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Dícheadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Íocaíocht é Liúntas Míchumais do dhaoine a ndearbhaítear go bhfuil srian substainteach orthu chun tabhairt faoi aon fhostaíocht ar cheart a bheith oiriúnach ó thaobh aois, oideachas agus taithí oibre. Ní mór an srian seo a dheimhniú ó thaobh cúrsaí leighis de gur lean sé, nó go meastar go leanfaidh sé ar feadh 12 mhí ar a laghad. Baineann an téarma 'fostaíocht oiriúnach' le réimse leathan saghsanna fostaíochta, ní hamháin le gnáthobair agus rogha oibre an duine. Rinne mé athbhreithniú cúramach ar an bhfianaise leighis agus ar an bhfianaise eile ar fad a sholáthraítear sa chás, lena n-áirítear an fhianaise sin a tugadh ar aird ag an éisteacht ó bhéal. Tugann an fhianaise le fios go raibh an t-achomharcóir thíos le gortú suntasach in 2007 agus gur measadh, ag an tráth sin, go raibh sé i dteideal Liúntas Míchumais a fháil. Is doigh liom go dtugann an fhianaise le tuiscint, anois, go ndearna an t-achomharcóir dul chun cinn ó theacht as tionchair na timpiste.

Measaim mar sin, cé go mbeidh gortú glúine an achomharcóra ina ghortú fadmharthanach agus go gcuirfidh sé srian air ó thabhairt faoi roinnt saghsanna fostaíochta, nár deimhníodh go bhfuil srian substainteach ar an achomharcóir anois ó thabhairt faoi aon fhostaíocht oiriúnach faoi mar a thagraítear dó thuas. Is doigh liom nach gcomhlíonann an t-achomharcóir na coinníollacha riachtanacha chun Liúntas Míchumais a fháil. Sna cúinsí, is oth liom a rá nach n-éiríonn leis an achomharc.

Is faoin achomharcóir ath-iarratas a dhéanamh ar Liúntas Míchumais i gcás go mbeidh fianaise nua nó fianaise breise leighis ar fáil sa gcás seo.

## 2014/10

## **Míchumas Sonraithe:** Ainéime Dhíobhálach, Siondróm Gilbert

**Cúlra:** Tá an t-achomharcóir 32 bliain d'aois. Ar mhaithe lena éileamh, chomhlánaigh a L.G. a phróifíl chumais/mhíchumais, rinne sé measúnú

leighis ar an achomharcóir agus deimhníodh go raibh sé faoi thionchar mar seo a leanas:

- Meabhairshláinte/Iompar – faoi thionchar bheag
- Cothromaíocht/Comhordú – faoi thionchar bheag
- Deaslámhacht – faoi thionchar mheasartha
- Siúl – faoi thionchar bheag
- Dreapadh – faoi thionchar bheag

**Éisteacht ó bhéal:** Sholáthair an t-achomharcóir ráiteas scríofa a bhain lena chúinsí. Thug sé cuntas ar an gcúlra a bhí lena dheacrachtaí, ar cuireadh tús leo in aois an linbh, nuair a bhí sé thíos le pianta rialta boilg, fuiliú sróine, meadhrán agus caillteanas meáchain. Rinneadh diagnóis mhícheart ar a ghalar i dtosach báire, nuair a tugadh diagnóis Ghaistreintríteis dó. Thug sé le fios gur oibrigh sé ar feadh cúpla mí i bprintíseacht i ndiaidh an scoil a fhágáil ach nach raibh an dara rogha aige ach eirí as mar gheall ar fhíor-thuirse. Dúirt sé go ndearna sé roinnt oibre i gcúrsaí tógála thart ar shé bliana ó shin, nuair a bhí sé fostaithe mar shaothraí ginearálta ar feadh chúig mhí. Obair ócáideach a bhí ann de ghnáth, agus dúirt sé gur thug sí an deis dó dul I bhfeabhas idir postanna oibre. Dúirt sé, i ndiaidh roinnt mhaith ama a chaitheamh sa mbaile, agus i ndiaidh réimse de thástáil dhiagnóiseach, gur tugadh diagnóis Ainéime Díobhálaí dó i lár a fhichidí. Cuireadh cóir leighis air le hinstealltaí B12 agus d'fhill sé ar an staidéar. Glacadh leis ar chúrsa céime agus bhog sé i ngar don choláiste chun tionchar an taistil a íoslaghdú. Tar éis an chéad dhá bhliain den chúrsa, rinne sé a chuid staidéar a chur siar i rith an tríú bliain mar gheall ar dhrochshláinte. Thug sé le fios go raibh tnáitheadh air agus go raibh tinnis chinn air i gcónaí, gur chaill sé roinnt gruaige agus go raibh sé traochta, anuas ar an strus airgeadais a bhí air mar gheall nach raibh sé in ann oibriú chun cur lena gcuid staidéar.

Chuir an t-achomharcóir in iúl gur fhill sé ar an gcoláiste agus gur lean sé ar aghaidh lena gcuid staidéar. Luaigh sé go bhfreastalaíonn sé ar an gcoláiste idir 9.30 a.m. agus 5 p.m. agus, cé gur chaill sé cúpla lá, go ndearna sé iarracht bheith i láthair gach lá ar feadh cuid den lá, ar a laghad. Thug sé le fios go bhfuil sé fós ina dheacracht aige cothaithigh a shú agus go gcuireann seo lena thuirse leanúnach. Dúirt sé go bhfuil sé an-deacair air dúiseacht ar maidin agus gur gnách go n-éiríonn na comharthaí níos measa tar éis sin má dhéanann sé iarracht mór le haon rud a dhéanamh, agus má's rud go ndéanann sé iarracht mharthanach, go braitheann sé nach bhfuil fuinneamh ar bith aige. Ar a bharr sin, luaigh sé patrún suaite codlata, fíor-thuirse ag deireadh an lae, agus neamhábaltacht chun mórán a ithe. Sa deireadh, luaigh an t-achomharcóir go raibh sé ag freastal ar an gClinic Mhígréine ag a ospidéal áitiúil, ag féachaint do

dhiagnóis agus cóir leighis a fháil a bhaineann le mígréin fhillteacha. Dúirt sé go ndearnadh scanadh Tomagrafaíoch Ríomhairithe (CT) air cheana féin.

**Ráiteas/Tuairim:** Agus cinneadh á dhéanamh ar an gcás seo, bhí aird ag an Oifigeach Achomhairc ar an bhfianaise cháipéisíochta uile a bhí ar fáil agus, go háirithe, tuairisc L.G. an achomharcóra agus an phróifíl chumais/mhíchumais a rinne sé. Thug sé faoi deara gur thug seo le tuiscint go bhfuil an t-achomharcóir thíos le riocht fadmharthanach ainsealach agus go dteastaíonn insteallltaí rialta ionmhatánach uaidh chun smacht éigin a fháil ar a riocht sláinte. Thug sé faoi deara, chomh maith, an tagairt don tionchar a bhí a imirt ar dhíriú intinne an achomharcóra agus ar an ráiteas go mbíonn sé thíos le fíor-thuirse. Chuir sé litir achomhairc an achomharcóra san áireamh leis an bhfianaise ó bhéal a tugadh i gcaitheamh na héisteachta. Bhí sé sásta gur sholáthair an t-achomharcóir cuntas cruinn ar a chuid cúinsí agus ar na deacrachtaí a bhí aige a d'eascair óna riocht leighis.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur chuir an t-achomharcóir tús le cúrsa céime agus gur chríochnaigh sé é i gcaitheamh dhá bhliain sa choláiste. Cé gur chuir sé siar a gcuid staidéar sa tríú bliain, d'athosaigh sé na staidéir sin le déanaí agus mheas an tOifigeach Achomhairc gur thug seo le tuiscint gur bhraith an t-achomharcóir maith a dhóthain chun tiomnú go h-iomlán d'á chúrsa. Thug sé faoi deara go ndearna an t-achomharcóir tagairt in aighneacht a achomhairc do thabhairt faoina staidéir reatha d'fhonn tabhairt faoi obair ina mbéadh sceideal féin-sainitheach aige, agus go raibh sé ag súil leis go mbainfeadh sé amach cáilíochtaí a ligfeadh dó a bheith féinfhostaithe.

Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis gur thug an fhianaise le fios go soiléir go bhfuil an t-achomharcóir ag streachailt leis chun iarrachtaí marthanacha a dhéanamh agus go n-imríonn a riocht sláinte droch-thionchar air. Mheas sé,áfach, gur thaispeáin a chuid iarrachtaí filleadh ar an gcoláiste ag féachaint do cháilíochtaí a bhaint amach le bheith féinfhostaithe amach anseo, go raibh sé in ann tabhairt faoi obair. Ar an mbonn sin, mheas sé nach n-éireodh leis an achomharc.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Dícheadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí agus ní mór gur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad.
Tar éis breithniú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise uile a bhí ar fáil sa gcás seo, an fhianaise leighis san áireamh, is doigh liom gur theip ar an achomharcóir a dheimhniú go gcomhlíonann sé na coinníollacha cáilitheacha. Sna cúinsí, ar an drochuair, ní mór go dteipeann ar an achomharc,.

## 2014/11
**Míchumas Sonraithe:** Neamhord Struis Iarmharaigh, Lagú Amhairc

**Cúlra:** Tá an t-achomharcóir 32 bliain d'aois agus rinne sé iarratas ar Liúntas Míchumais in 2013. Sholáthair sé tuairisc ón L.G. a luaigh gur chaill sé an radharc i súil amháin agus go raibh sé thíos le Neamhord Struis Iarmharaigh, i ndiaidh ionsaí. Luaigh a L.G. gur atreoraíodh é chuig an tseirbhís áitiúil shíciatrach. Nuair a bhí an phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú aige, rinne a L.G. measúnú ar an achomharcóir agus deimhníodh go raibh tionchar mór á imirt air maidir le meabhairshláinte agus iompair, tionchar beag á imirt ar a éisteacht, agus gur gnách do na feidhmeanna eile a bhí i gceist. Thug sé le fios gur cheart go mbeadh an t-achomharcóir i gcuideachta duine eile dá n-iarrfaí air féin freastal ar mheasúnú leighis. Sheol sé litir thar ceann an achomharcóra agus glacadh leis seo mar achomharc. Sa litir sin, rinneadh tagairt do dheacrachtaí leanúnacha meabhairshláinte an achomharcóra agus cuireadh in iúl go raibh sé fágtha gan dídean.

**Éisteacht ó bhéal:** D'fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht ina aonar. Léigh an tOifigeach Achomhairc an cinneadh agus shoiléirigh sé an cheist a bhí faoi chaibidil. Thagair sé do bhunúis an achomhairc a seoladh ar aghaidh thar ceann an achomharcóra. Dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh sé gan dídean agus chuir sé in iúl go bhfuil sé ina chónaí lena mháthair anois. Dúirt sé go raibh sé ag fanacht le tithíocht a fháil ón údarás áitiúil. I dtaca le fostaíocht, luaigh an t-achomharcóir nár oibrigh sé ó bhí 2007 ann, nuair a thiomáin sé forc-ardaitheoir. Chuir sé in iúl gur chaill sé a phost nuair a d'eirigh an comhlacht as, agus go raibh Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil aige ó shin i leith. Thug sé le fios gur ghlac sé páirt i roinnt cúrsaí oiliúna, agus gur bhain siad seo go príomha le cúrsaí tógála. I dtaobh oideachais de, chuir sé in iúl gur chríochnaigh sé an Ardteistiméireacht agus gur thug sé faoi chúrsa ríomhaireachta. Thug an t-achomharcóir le fios go bhfuil plúchadh air agus go bhfreastalaíonn sé ar an L.G. le haghaidh scrúduithe míosúla sláinte. Dheimhnigh sé go leanann sé ag freastal ar a Shíciatraí gach coicís agus go bhfreastalaíonn sé ar chlinic ospidéil, faoi dhó sa bhliain, maidir lena shúil. Dúirt sé, nár thug sé cuairt ar lár na cathrach ar feadh bliana i ndiaidh an ionsaí. Lean sé ar aghaidh lena rá go mbíonn deacrachtaí fós aige an teach a fhágáil agus braitheann sé gur gá do dhuine bheith in éineacht leis nuair a dhéanann sé amhlaidh. Dúirt sé go bhfuil eagla air roimh grúpaí daoine, go háirithe grúpaí d'fhir óga. Thug sé le fios go mbraitheann sé greannaitheach agus go mbíonn siar-chuimhní cinn á bhfulaingt aige go leanúnach.

Rinne an t-achomharcóir cur síos ar phian eadrannach ina cheann, i ngar don tsúil, áit ar chaill sé a radharc. Dúirt sé go gcruthaíonn an daille sa tsúil sin fadhbanna

dó agus go siúlann sé isteach i rudaí ar thaobh a láimhe ché. Thug sé le fios go mbíonn deacrachtaí codlata aige agus go dtarlaíonn eachtraí dona dúlagair dó mar thoradh ar na siar-chuimhní cinn ar an ionsaí. Dúirt sé go ndearna sé díobháil dó f'ein nuair a mbíodh an dúlagar sin air.

**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara nár fheabhsaigh riocht an achomharcóra agus gur lean sé leis ag lorg cuideachta duine eile nuair a d'fhágadh sé an teach. Mheas sé go n-imreodh sé seo srian trom ar a chumas chun fostaíocht a fháil agus í a choimeád. Anuas air sin, thug sé faoi deara go gcuirfeadh caillteanas an radhairc i súil amháin srian ar chineál na hoibre a d'oirfeadh d'á thaithí agus a oideachas agus thóg sé san áireamh, chomh maith, gur gnách dó siúl isteach i rudaí ar thaobh a láimhe chlé mar gheall ar a lagú amhairc. Dá réir sin, ba dhoigh leis gur comhlíonadh na coinníollacha cháilithe don Liúntas.

**Cinneadh an Oifigigh Achomahairc :** Ceadaítear an t-achomharc.
**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí agus gur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad. Tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise uile sa gcás seo, an fhianaise sin a fuarthas ag an éisteacht ó bhéal a chur san áireamh leis an bhfianaise leighis atá ar fáil, is doigh liom gur dheimhnigh an t-achomharcóir go gcomhlíonann sé na coinníollacha cáilitheacha. Sna cúinsí, éiríonn leis an achomharc.

## 2014/12
**Míchumas Sonraithe:** Pian Íochtar-Droma agus Glúine, Dúlagar, Gaistríteas

**Cúlra:** Tháinig an t-achomharcóir, atá 36 bliain d'aois, go hÉirinn i 2007. Rinne sí éileamh ar Liúntas Míchumais i 2014 agus, i ndiaidh dícheadú an éilimh sin, rinne sé achomharc.

**Éisteacht ó bhéal:** Ní raibh aon duine i gcuideachta an achomharcóra ag an éisteacht. Léigh an tOifigeach Achomhairc an cinneadh agus thug sé cuntas ar an gceist a bhí faoi chaibidil. Mar fhreagairt, chuir an t-achomharcóir in iúl an cúlra a bhí lena héileamh agus leis na saincheisteanna sa tuairisc a rinne a L.G.

Thug an t-achomharcóir le fios gur oibrigh sí mar ghlantóir in óstáin ar feadh roinnt blianta go dtí go raibh baint aici le timpiste bóthair. Luaigh sí go raibh pian uirthi ina droim, ina cromán clé agus ina cos dheas. Thug sí cuntas ar an gcógas a ordaíodh di, faoi mar a dheimhníonn a L.G. i dtuairisc a soláthraíodh, Druga Frith-Athlastach Neamhstéaróideach (NSAID) agus faoiseamh péine eile. Dúirt sí go mbíonn deacracht aici siúl agus go mbíonn deacracht aici rudaí a thógáil. Dúirt sí, chomh maith, nach gcodlaíonn sí chomh maith sin uaireanta mar gheall ar an bpian. Chuir sí in iúl gur féidir léi tiomáint ach go mbíonn sé deacair uirthi amanna. Dúirt sí gur féidir léi obair tí a dhéanamh ach gur gá dá deirfiúr cabhrú léi amanna.

Mar fhocal scoir, dúirt an t-achomharcóir go mba mhian léi oibriú arís ach nár cheap sí go mbeadh sí in ann chuige.  Sholáthair sí litir óna L.G. ina dtugtar cuntas ar a riocht leighis.

**Ráiiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc chun suntais nach ndearna an fhianaise leighis reatha a sholáthair an t-achomharcóir tagairt dá cumas nó dá h-éagumas chun oibre.  Thug sé faoi deara go raibh roinnt péine uirthi agus deacrachtaí aici amanna nuair a bhíonn sí ag siúl agus nuair a bhíonn rudaí a n-ardú aici.  Thug sé faoi deara, chomh maith, go raibh sí in ann tiomáint, agus obair tí a dhéanamh, cé go mbíonn na dualgaisí seo deacair amanna. Chuir sé an fhianaise leighis san áireamh, a thug le fios leibhéal de shrianadh chun tabhairt faoi obair.  Mheas sé, nuair a cuireadh an fhianaise go léir le chéile, gur tugadh le fios go raibh srian de shaghas éigin uirthi chun tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach.   San iomlán, áfach, mheas sé nárbh ionann an srian sin agus srian substainteach laistigh de chiall na reachtaíochta rialaithe.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Dícheadaítear an t-achomharc.
**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí agus nach mór gur lean nó gur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh achar bliana ar a laghad.  Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir sa gcás seo, agus an fhianaise leighis go léir atá ar fáil a chur san áireamh, measaim, cé go bhféadfadh go mbeadh roinnt srianta ar an achomharcóir tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach, nach ionann sin agus srian substainteach faoi chiall na reachtaíochta. Sna cúinsí, is oth liom nach n-éiríonn leis an achomharc.

## 2014/13
## Míchumas Sonraithe: Titimeas

**Cúlra:** Bhí Liúntas Míchumais á fháil ag an achomharcóir, 43 bliain d'aois, idir 2005 agus 2011, nuair a cuireadh deireadh leis an íocaíocht.  Rinne sé iarratas nua i 2013 a dícheadaíodh ar an mbunús nár measadh go raibh srian substainteach air ó thabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach, ar aon dul leis na coinníollacha cháilitheacha.  Agus an phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú aige d'á iarratas, dheimhnigh an L.G. go raibh diagnóis Titimis aige agus deimhníodh go raibh sé faoi thionchar mar a leanas:

- Comhfhios/Taomanna – faoi thionchar mheasartha

Déileáladh leis an achomharc ar bhonn achomair agus dícheadaíodh é.  Tar éis do dhlíodóir aighneacht eile a dhéanamh ina thaobh, chuir an tOifigeach Achomhairc an cinneadh sin ar ceal agus d'athoscail sé an t-achomharc trí éisteacht ó bhéal.

**Éisteacht ó bhéal:** Rinne a dhlíodóir ionadaíocht don achomharcóir agus bhí a mhac ina chuideachta, a chabhraigh leis an ateangaireacht. Míníodh an cheist a bhí faoi chaibidil.  Sholáthair dlíodóir an achomharcóra cóip dá aighneacht scríofa. Ní raibh tuairisc leighis a rinneadh le déanaí ar fáil ach gheall dlíodóir an achomharcóra

chóip a sholáthar don Oifigeach Achomhairc. Thug sé le fios go raibh an t-achomharcóir thíos le Titimeas ó saolaíodh é, go bhfuil sé tugtha do thaomanna rialta, agus le linn taoim amháin, gur thit sé agus bhris a ghéag láimhe. Thagair sé don bhfianaise leighis a thug le fios go raibh roinnt éagumas iarmharach fós ag eascairt ón ngortú sin. Tugadh chun suntais go raibh an t-achomharcóir leath-liteartha agus go raibh Liúntas Míchumais á fháil aige a fhad le 2011. Chuir an tOifigeach Achomhairc in iúl nach raibh aon fhianaise aige faoin mbonn ar ar measadh gur comhlíonadh na coinníollacha cáilitheacha leighis roimhe seo le haghaidh an Liúntas Míchumais. Dúirt mac an achomharcóra gur thug a athair suas an liúntas i 2011 mar gheall gur thuig sé go dtabharfadh sé an deis don teaghlach cáiliú d'Fhorlíonadh Cíosa agus dheimhnigh sé go raibh Liúntas Leasa Forlíontach á fháil anois aige. Thug an tOifigeach Achomhairc le fios nár ghá go raibh ioncam bunúsach á fháil ag an achomharcóir faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach ionas go mbeadh Forlíonadh Cíosa iníoctha leis.

San iomlán, tugadh le fios nár tháinig athrú ar riocht an achomharcóra. Bhí sé fós thíos le Titimeas, agus mar thoradh air sin, bhí air cógas a ghlacadh agus bhí srian substainteach air, faoi mar a aithníodh roimhe seo.

**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur cháiligh an t-achomharcóir roimhe seo do Liúntas Míchumais idir 2005 agus 2011. Ba dhoigh leis nár tháinig athrú ar a riocht leighis sa tréimhse sin, agus deimhníonn fianaise leighis go leanann sé bheith thíos le taomanna rialta.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Ceadaítear an t-achomharc.
**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Deonaíodh Liúntas Míchumais don achomharcóir seo roimhe seo idir 2005 agus 2011. Níor tháinig athrú ar riocht leighis an achomharcóra seo sa tréimhse sin. Deimhníonn tuairiscí leighis go leanann an t-achomharcóir bheith thíos le taomanna minice.

## 2014/14
## Míchumas Sonraithe: Gortú Droma

**Cúlra:** Tháinig an t-achomharcóir, náisiúnach an AE, atá 43 bliain d'aois, chun cónaí in Éirinn i 2012. Thug sé faoi oiliúint go ndéanfar oibrí cruach de ach mar gheall ar dheacrachtaí airgid, ní raibh sé in ann leanúint leis an ngairm sin. Ina ionad sin, d'oibrigh sé mar mheicneoir innill idir 1995 agus 2009, nuair a deineadh máinliacht ar a dhroim. D'fhill sé ar an obair ach tharla gortú breise dá dhroim agus rinneadh máinliacht arís air i 2011. Ag an tráth sin, bhí a bhean chéile agus a leanaí ina gcónaí in Éirinn agus bhí a bhean chéile ag obair. Mar thoradh ar a ghortú droma, agus i ndiaidh an dara hobráid, bhí sé pairiliseach agus b'éigean dó cathaoir rotha a úsáid ar feadh tamaill mar gheall go ndearnadh

díobháil néareolaíoch dó. Rinne sé iarratas ar Liúntas Míchumais i 2014 agus sholáthair sé fianaise leighis. Agus a phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú, thug a L.G. le fios go raibh an t-achomharcóir faoi thionchair measartha ó thaobh siúl agus dreapadh, cothromaíocht, coinneálacht, ardú, lúbadh, suí, agus seasamh. Diúltaíodh dá iarratas ar an mbonn gur measadh nach raibh srian substainteach air chun tabhairt faoi fhostaíocht. Thagair a achomharc le hearnú diosca, pairilis agus díobháil néareolaíoch.

**Éisteacht ó bhéal:** Bhí a bhean chéile i dteannta an achomharcóra. Chuir sé in iúl, ó rinne sé iarratas ar Liúntas Míchumais, gur chas Comhairleach Ortaipéideach leis agus go raibh sé ag feitheamh le tuairisc ón gcomhairleach sin. Dúirt sé go soláthródh sé cóip nuair a bheadh sí ar fáil. Dúirt sé gur atreoraíodh é chuig Néareolaí Comhairleach chomh maith agus go ndearnadh fisiteiripe air agus go raibh breis seisiún curtha I n-airithe dó.

Thug an t-achomharcóir le fios gur fhág sé an obair [i dtír an AE] mar thoradh ar a riocht leighis. Tar éis dó bheith thíos le pairilis i ndiaidh an dara hobráid, bhí air cathaoir rotha a úsáid. Bhrúigh diosca sa dhroim ar na néargóa óna alt L5 agus d'imir seo tionchar ar fheidhmiú coirp faoi bhun na coime. Luaigh sé go raibh sé fíor-neamhchoinneálach, agus go raibh pian leanúnach air, dá n-ordaíodh cógas dó. Chuir an t-achomharcóir in iúl gur tháinig feabhas de réir a chéile ar an riocht sa chéad dhá bhliain i ndiaidh a obráide agus go raibh a riocht seasmhach ar feadh tréimhse ina dhiaidh sin. Thug sé cuntas ar an mbealach a thosaigh a riocht dul in olcas ansin, áfach: tá mairbhe ann go híseal ina chosa agus ina shála; bhraith sé caillteanas cumhachta ina chosa; siúlann sé le maide croise, ach ní shiúlann sé ró-fhada; ní mór dó beith ag bogadh i gcónaí sa leaba fhad a chodlaíonn sé agus cuireann seo srian ar an méid codlata is féidir leis a fháil, agus ní féidir leis suí ach ar feadh tréimhsí gearra. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh air seasamh uaireanta agus siúl, agus maide croise á úsáid, i gcaitheamh na héisteachta.

**Fianaise bhreise:** Soláthraíodh tuairisc an Chomhairligh Ortaipéidigh.

**Tuairim/Conclúid:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur bunaíodh taithí agus oideachas an achomharcóra ar obair fisiciúil, inar ghá dó rudaí throma a ardú. Thagair sé don bhfianaise a soláthraíodh, lena n-áirítear go bhfuil cosc trom air maidir lena chumas chun tabhairt faoi obair den chineál sin. Mheas sé go dteastódh athoiliúint fhairsing uaidh i réimse a roghnaítear go cúramach ionas go mbeadh sé in ann fostaíocht a lorg amach anseo. Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta go

raibh srian substainteach ar an achomharcóir tabhairt faoi fhostaíocht, go raibh sé thíos le saincheisteanna sláinte ar feadh tréimhse sách fada, agus nár dhócha go dtiocfadh feabhas ar a riocht.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Ceadaítear an t-achomharc.
**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Tá taithí agus oideachas an achomharcóra bunaithe ar obair fisiciúil inar ghnáth earraí troma a ardú mar chuid den obair sin. Tugann an fhianaise a soláthraíodh le fios go bhfuil cosc trom air maidir lena chumas chun tabhairt faoi obair den chineál sin. Ní bheadh sé ar a chumas obair a dhéanamh inar gá dó seasamh nó suí ar feadh tréimhsí fada, mar gheall ar a riocht iomlán. Theastódh athoiliúint fhairsing uaidh i réimse a roghnaítear go cúramach a d'oirfeadh dá riocht go mbeadh sé in ann fostaíocht a fháil amach anseo. I ngeall ar a riocht, tá srian substainteach air ó thaobh fostaíocht a lorg. D'fhulaing sé mar gheall ar a riocht ar feadh tréimhse shuntasach agus ní dócha go bhfeabhsóidh a riocht.

Tar éis breithniú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise sa gcás seo, an fhianaise sin a fuarthas ag an éisteacht ó bhéal san áireamh, agus an fhianaise leighis atá ar fáil, tá mé sásta gur dheimhnigh an t-achomharcóir go gcomhlíonann sé na coinníollacha cáilitheacha. Sna cúinsí, éiríonn leis an achomharc.

## 2014/15
## Míchumas Sonraithe: Dúlagar

**Cúlra:** Bhí Sochar Breoiteachta á fháil ag an achomharcóir, d'aois 44 bliain, ar feadh dhá bhliain nuair a tháinig deireadh lena theidlíocht (mar gheall nach ndéantar an íocaíocht seo ach ar feadh dhá bhliain i gcás ina ndéantar éileamh tar éis gur cuireadh athruithe reachtaíochta i bhfeidhm le héifeacht ó mí Eanáir 2009). Lean sé le teastais leighis a sholáthar gach sé mhí, faoi mar a rinne sé roimhe sin, agus rinne sé éileamh ar Liúntas Míchumais. Dícheadaíodh an t-éileamh sin agus rinne sé achomharc, ar a ndearnadh cinneadh achomair.

**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara an fhianaise leighis a soláthraíodh. Thug sé faoi deara gur chomhlíon an L.G. an phróifíl chumais/mhíchumais inar deineadh measúnú ar an achomharcóir agus inar deimhníodh go raibh tionchar trom á imirt air i ndeich gcinn de na feidhmeanna a dtugtar cuntas orthu. Thug sé faoi deara, chomh maith, gur thug an L.G. le tuiscint nár mheas sé go raibh an t-achomharcóir oiriúnach do chuspóirí athshlánúcháin nó teiripe shaothair agus go mbeadh saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta i gceist maidir le haon fhostaíocht nó oiliúint a mbeadh le déanamh aige. Saincheisteanna leanúnacha leighis a bhí mar údar leis seo, dar leis. Anuas air sin, chuir an tOifigeach Achomhairc an fhianaise a soláthraíodh san áireamh, a thug le fios go raibh ísealfhuinneamh ag an achomharcóir, nach raibh sé in ann é féin nó a intinn a dhíriú, bhí lagscileanna éisteachta aige, bhí sé thíos le caillteanas cuimhne agus le dúlagar frithghníomhach. Ar dheireadh, agus aird ar leith ar an gcaoi go raibh a L.G. faoin

tuairim dhaingean nach mbeadh sé sábháilte don achomharcóir iarracht a dhéanamh dul arais ag obair, bhí sé sásta nár mhór éirí leis an achomharc.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Ceadaítear an t-achomharc.
**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí agus gur dócha go réasúnta go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad.

Tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a bhí ar fáil sa gcás seo, tá mé sásta gur dheimhnigh an t-achomharcóir go gcomhlíonann sé na coinníollacha leighis. Sna cúinsí, ceadaítear an t-achomharc.

## 2014/16
## Míchumas Sonraithe: Diaibéiteas (Cineál 2), Hipirtheannas

**Cúlra:** Bhí Sochar Breoiteachta á fháil ag an achomharcóir, d'aois 44 bliain, agus bhí Forlíonadh Réim Bhia de €6.50 sa tseachtain á fháil aige faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach. Rinneadh measúnú pearsanta air le Measúnóir Leighis ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Sa tuairim a tugadh le fios don Oifigeach Breithiúnachta i ndiaidh an mheasúnaithe sin, luadh, cé gur thug an fhianaise leighis leibhéal éagumais le fios, náorbh ionann é agus míchumas/srian substainteach. I dtaobh na próifíle cumais/míchumais, thug L.G. an achomharcóra an méid a leanas le fios:

- Radharc – faoi thionchar bheag
- Deaslámhacht – faoi thionchar mheasartha
- Síneadh na Lámh – faoi thionchar bheag
- Ardú/Iompar – faoi thionchar bheag
- Lúbadh/Dul ar na Glúine/Dul ar na Gogaide – faoi thionchar mheasartha

**Éisteacht ó bhéal:** Tháinig an t-achomharcóir i láthair ina aonair agus sholáthair sé litir a fuair sé le déanaí óna L.G., a dheimhnigh a dhiagnóis agus a luaigh go bhfuil sé thíos le Galar Iscéimeach Chroí, agus gur deacair freisin a bhrú fola a rialú. Anuas air sin, sholáthair sé liosta dá chógas ordaithe.
Thug an t-achomharcóir le fios gur fostaíodh é mar oibrí, agus gur oibrigh sé sa mheitheal oíche, ach gur fhág sé an fhostaíocht thart ar dhá bliain go leith ó shin mar gheall ar bhuarthaí sláinte. I dtosach báire, d'éiligh sé Sochar Cuardaitheora Poist ach ansin rinne sé éileamh ar Shochar Breoiteachta. Thug sé le fios gur tháinig breoiteacht air thart ar ocht mbliana roimhe sin agus dúirt sé go bhfuil stair ghalar chroí ina theaghlach. Dúirt sé, níos déanaí ná sin, go bhfuil fadhb phéine air ina ghualainn agus go bhfuil sé ag feitheamh le coinne i gclinic phéine.
Luaigh an t-achomharcóir go dtarlaíonn nach gcuireann a Dhiaibéiteas isteach air ar feadh cúpla lá, agus ansin go bhféadann sé dul as smacht. Thug sé le fios go raibh sé ag freastal ar a L.G. le déanaí mar gheall ar phian ina ghualainn, go bhfreastalaíonn sé ar Chlinic Dhiaibéitis gach 'ré mhí, agus gur

tugadh chun ospidéil ar feadh oíche amháin é anuraidh mar gheall ar shiúcra fola a bheith íseal. Thug sé le fios go ndéanann altra na clinice monatóireacht air agus go gcoimeádtar smacht ar a Dhiaibéiteas trína aiste bhia. Ní fhreastalaíonn sé ar aon Chomhairleach.

Lean an t-achomharcóir ar aghaidh lena rá go dteastaíonn scíth leapa uaidh agus go luíonn sé siar go rialta sa tráthnóna mar gheall go mbíonn sé thíos le tuirse, easpa anála agus cur allais. I dtaobh aclaíochta, thug sé le fios go siúlann sé ar feadh 15-20 nóiméad gach lá agus go mbeadh eagla air siúl ró-fhada ar eagla go dtitfeadh a leibhéil siúcra fola. Dúirt sé go dtiomáineann sé ar uairibh ach go seiceálann sé a leibhéil siúcra fola roimh ré.

**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur bhain príomhshaincheisteanna an achomharcóra lena Dhiaibéiteas agus lena phian ghualainne nua-dheimhnithe. Thug sé le fios gur fhág sé an obair mar thoradh ar a Dhiaibéiteas agus go raibh deacracht aige a leibhéil siúcra fola a rialú. Thug sí faoi deara, áfach, gur beag fianaise a bhí ann gur lorg sé breis idirghabháil leighis ó d'fhág sé an obair; agus fad a bhí sé ag freastal ar Ionad Sláinte agus monatóireacht á déanamh ar a riocht sláinte ag altra ón ospidéal áitiúil, nár atreoraíodh é le haghaidh comhairliúcháin le Comhairleach Diaibéiteach/Inchríneolaí. Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go bhféadfadh riocht an achomharcóra srian a chur air ar roinnt bealaí ach cheap sí nár dheimhnigh sé gur chomhlíon sé na coinníollacha cáilitheacha chun Liúntas Míchumais a fháil.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Dícheadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Ceanglaíonn na coinníollacha cáilitheacha sláinte le haghaidh Liúntas Míchumais nach mór go mbeadh srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí agus gur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad.

Tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise sa gcás seo, an fhianaise sin a fuarthas ag an éisteacht ó bhéal san áireamh, tá mé sásta nár deimhníodh go gcomhlíontar an coinníoll seo i gcás an achomharcóra. Ó L.G. an achomharcóra a tháinig an fhianaise leighis ba dhéanaí a cuireadh i láthair, go háirithe [ar dháta sonraithe]. Níor cuireadh aon fhianaise speisialaithe leighis ar fáil maidir le Diaibéiteas an achomharcóra, ar chosúil gurbh é an phríomh-shaincheist sláinte atá aige le trí bliana anuas. Sna cúinsí, is oth liom a rá nach n-éiríonn leis an achomharc.

## 2014/17
## Míchumas Sonraithe: Ainéaras Ceirbreach, Bodhaire, Dúlagar

**Cúlra:** Bhí Liúntas Míchumais á fháil ag an achomharcóir, 45 bliain d'aois, ó 2009 i leith agus ghlac sí páirt i líon scéimeanna Fostaíochta Pobail (FP). I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh, dícheadaíodh a héileamh le héifeacht ó dháta i 2014, mar

gheall gur maíodh nár chomhlíon sí na coinníollacha cháilitheacha a thuilleadh. Thug an fhianaise leighis a soláthraíodh le fios go ndearnadh mastóideachtóime uirthi i 2013, agus go mbíonn sí thíos le Tinniteas agus Neamhord Scaoill chomh maith. Agus an phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú aige, rinne a L.G. measúnú ar an achomharcóir agus deimhníodh go raibh tionchar beag á imirt uirthi i bhformhór na bhfeiddhmeanna, agus go raibh sí faoi thionchar mheasartha maidir le cumas éisteachta

.

**Éisteacht ó bhéal:** D'fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht ina haonar. Luaigh sí gur tugadh diagnóis ainéarais cheirbrigh di go leor blianta ó shin, agus gur riocht é a fuair sí le hoidhreacht. Dúirt sí go bhfuair duine muinteartha léi bás mar thoradh ar an diagnóis chéanna agus go bhfuil eagla uirthi roimh an mbás i gcónaí, agus go bhfuil sí an-neirbhíseach dá bharr. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur thug an tuairisc leighis le fios go raibh a riocht seasmhach agus dúirt an t-achomharcóir go raibh monatóireacht á déanamh uirthi ar bhonn leanúnach agus go ndéantar scanadh MRI uirthi gach sé mhí.

Thug an t-achomharcóir le fios go mbíonn tinnis chinn agus mígréin thromchúiseacha uirthi agus go n-imríonn soilse geala agus soilse splanctha tionchar uirthi agus go gcaitheann sí spéaclaí gréine an chuid is mó den am. Dúirt sí nach mbíonn coinne lena tinnis chinn agus gur féidir leo maireachtáil ar feadh cúpla uair an chloig uaireanta.

I dtaobh a héisteachta, luaigh an t-achomharcóir nach bhfuil éisteacht ar bith aici i gcluas amháin agus go bhfuil éisteacht 50% aici sa gcluas eile. Dúirt sí nach féidir léi dul I gcomhluadar daoine mar thoradh air sin, agus nach féidir léi formhór na saghsanna oibre a fháil ina mbíonn grúpaí daoine i gceist, mar gheall nach féidir léi éisteacht a dhéanamh ach ar bhonn duine ar dhuine. Dúirt sí go mbíonn ionfhabhtú athfhillteach cluaise uirthi a bhaineann le Tinniteas, agus go mbraitheann sí go bhfuil meadhrán agus mearbhall uirthi dá bharr. Labhair sí ar an máinliacht a deineadh uirthi le haghaidh mastóidítis agus dúirt sí go bhfuil sí ag feitheamh go ndéanfar an gnáthamh céanna uirthi ar an gcluas eile.

Thug an t-achomharcóir le fios go raibh páirt á glacadh aici i scéimeanna Fostaíochta Pobail (FP) le roinnt blianta anuas. Ag tráth na héisteachta ó bhéal, bhí sí ag oibriú in oifig le hord diaganta, agus go raibh dualgais éadroma á gcomhlíonadh aici, ar nós fótachóipeála. Dúirt sí gur oibrigh sí sna maidineacha amháin agus gur tugadh síob isteach agus amach ón obair gach lá di.

Thug an t-achomharcóir le fios go mbíonn sí thíos le dúlagar, chomh maith, agus gur ordaigh a L.G. cógas di le déanaí. Luaigh sí go mbíonn eagla uirthi amanna, go

mbíonn taomanna scaoill uirthi agus go mbíonn eagla uirthi an teach a fhágáil. Dúirt sí go gcuirtear isteach ar a patrún codlata agus gur deacair di díriú ar rudaí dá bharr seo agus go mbíonn sí thíos freisin le hathraithe intinne.

**Ráiteas/Tuairim:** Thagair an tOifigeach Achomhairc don bhfianaise leighis chuimsitheach a sholáthair an t-achomharcóir. Thug sí faoi deara gur ghlac an t-achomharcóir páirt i líon scéimeanna FP le blianta beaga anuas, fiú nuair a bhí máinliacht chluaise idir lámha aici, agus go raibh sí lena scéim reatha a chríochnú faoi cheann tamaill. Mheas sí nach raibh rogha inmharthana ag an achomharcóir filleadh ar an lucht saothair, nuair a chuirtear san áireamh an laige a tháinig ar a sláinte, agus aird ar na fadhbanna atá aici lena cluas agus na deacrachtaí a bhaineann lena héisteacht, mar aon leis na taomanna scaoill a mbíonn sí thíos leo. Tar éis an fhianaise thuas go léir a chur san áireamh, bhí sí sásta gur deimhníodh gur lean srian substainteach a bheith ar an achomharcóir tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Ceadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí agusgur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad. Ní mór a dheimhniú, ó thaobh cúrsaí leighis de gur lean agus gur dócha go leanfaidh an srian substainteach seo ar feadh 12 mhí ar a laghad.
Rinne mé athbhreithniú cúramach ar an bhfianaise uile sa gcás seo, an fhianaise leighis, agus an fhianaise sin a soláthraíodh ag an éisteacht ó bhéal san áireamh. Nuair a chuirtear san áireamh an fhianaise leighis, ainéaras ceirbreach an achomharcóra, atá seasmhach anois, mar aon leis an máinliacht bhreise a bhfuil sí ag feitheamh léi, an tinniteas atá uirthi, an caillteanas trom éisteachta a tharla di agus na gnéithe dúlagair, tá mé sásta go bhfuil deimhnithe ag an achomharcóir go leanann srian substainteach a bheith uirthi agus níl dóthain fianaise ann lena thaispeáint nach bhfuil srian den mhéid céanna uirthi a thuilleadh agus a bhí go dtí seo. Meastar go leanann an t-achomharcóir, ar an ábhar sin, leis na coinníollacha cáilithe a chomhlíonadh.

## 2014/18
## **Míchumas Sonraithe:** Pian Droma agus Dúlagar

Cúlra: Tá an t-achomharcóir, 49 bliain d'aois, idirscartha. Bhí Liúntas Míchumais á fháil aige ar feadh deich mbliana ach, i ndiaidh go ndearnadh athbhreithniú ar a éileamh, ordaíodh nach raibh sé i dteideal an liúntas a fháil a thuilleadh ar fhorais leighis. Ag tráth na héisteachta ó bhéal, bhí ioncam bunúsach á fháil aige faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach.

Agus an phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú aige, rinne a L.G. measúnú ar an achomharcóir agus deimhníodh go raibh tionchar á imirt air sna feidhmeanna seo a leanas:

- Lúbadh/Dul ar na Glúine/Dul ar na Gogaide – faoi thionchar bheag

- Meabhairshláinte/Iompar – faoi thionchar bheag go dtí measartha
- Suí/Éirí – faoi thionchar bheag go dtí measartha
- Ardú/Iompar – faoi thionchar mheasartha

Rinne a dhlíodóir achomharc thar ceann an achomharcóra, inar dearbhaíodh go raibh sé faoi éagumas agus nach raibh sé in ann glacadh le fostaíocht mar gheall ar a dheacrachtaí leighis. Rinneadh tagairt do mháinliacht a rinneadh ar a dhroim, moladh a tugadh le déanaí dó chun 'comhtháthú' a dhéanamh, agus deacrachtaí síciatracha a d'eascair ó phian agus ón mhíchompord. Soláthraíodh sonraí maidir lena chógas laethúil agus maíodh nach raibh sé in ann tuairiscí leighis a sholáthar mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais. Luaigh a dhlíodóir gurbh ionadh dó an cinneadh a rinneadh chun deireadh a chur leis an íocaíocht gan scrúdú leighis a dhéanamh ar an achomharcóir féin.

**Éisteacht ó bhéal:** Bhí duine muiteartha leis i gcuideachta an achomharcóra. Dhearbhaigh sé nach raibh sé in ann tabhairt faoi aon saghas fostaíochta mar gheall ar a ghearán faoina dhroim agus ar a dhúlagar. Luaigh sé gur tugadh faoi dhá obráid ar a dhroim roinnt blianta ó shin agus mhol Comhairleach Ortaipéideach gan dul faoi 'chomhtháthú' droma ag an tráth sin mar gheall ar éiginnteacht i dtaobh toradh rathúil. Ina ionad sin, moladh dó foghlaim conas maireachtáil lena riocht leighis. Thug sé le fios go ndearna sé amhlaidh, agus cé go mbíonn seachtainí ann nach gcuireann a fhadhb dhroma isteach air ach go measartha, bíonn seachtainí eile ann nuair nach féidir leis an leaba/an t-urlár a fhágáil, agus nach mór dó crag-shiúl a dhéanamh idir a chistin agus a sheomra folctha. Dúirt sé, chomh maith, go mbíonn eachtraí ainsealacha péine air idir deich agus cúig huaire déag sa mbliain, nuair nach féidir leis an leaba/an t-urlár a fhágáil lena linn.

Dúirt an t-achomharcóir, chomh maith, go dtáinig dúlagar air mar gheall ar a riocht sláinte agus an chaoi gur cuireadh deireadh lena theidlíocht fhadtéarmach don Liúntas Míchumais. Luaigh sé go ndearna sé iarracht lámh a chur ina bhás féin (dearbhaithe i litir óna L.G.) thart ar shé mhí roimhe sin agus gur tugadh chun ospidéil é ar feadh roinnt laethanta. Thug sé le fios go raibh comhairleoireacht á fáil aige agus nach raibh aon smaointí féinmharthacha aige ag an tráth sin.

Mar fhocail scoir, duirt an t-achomharcóir nach bhfuil sé in ann tabhairt faoin aon obair faoi láthair. Thagair sé do na deacrachtaí atá aige chun seasamh, suí agus siúl ar feadh tréimhsí fada, agus thug sé cuntas ar an bhfaoiseamh péine agus an cógas frithdhúlagráin a d'ordaigh a L.G. dó, mar aon le cógas breise a iompórtálann sé i ngan fhios dá L.G.

**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur chosúil go raibh roinnt deacrachtaí ag an achomharcóir ag siúl agus go raibh sé míchompordach ag

suí ar feadh thréimhse na héisteachta.
Thug sé aird ar aois, stair mháinliacht droma agus diagnóis reatha pian leanúnach droma an achomharcóra, agus go bhféadfaí go dtabharfaí faoi bhreis máinliacht droma air,maraon lena staid intinne faoina ndearna sé iarracht le lámh a chur ina bhás féin, trí ródháileog a ghlacadh.  Thug sé aird freisin ar an litir thacaíochta óna L.G. agus ar an bhfianaise a thug an t-achomharcóir ag an éisteacht ó bhéal. Anuas air seo, chuir sé san áireamh an chaoi go raibh Liúntas Míchumais á fháil ag an achomharcóir ar feadh deich mbliana agus gur mheas sé nach raibh aon rud ann lena thabhairt le tuiscint go dtáinig feabhas suntasach ar a staid fhisiciúil nó mheabhrach le linn an ama sin. Bhí sé sásta gur comhlíonadh na coinníollacha cháilíochta.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Ceadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó taobh aoise, taithí agus cáilíochtaí agus gur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad.Tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise leighis uilig sa gcás seo, an fhianaise sin a fuarthas ag an éisteacht ó bhéal san áireamh, tá sé sásta go bhfuil sé deimhnithe ag an achomharcóir go gcomhlíonann sé na coinníollacha cáilitheacha.  Sna cúinsí, éiríonn leis an achomharc.

**2014/19**
**Míchumas Sonraithe:** Dúlagar, Pian Íochtar-Dhroma

**Cúlra:** Rinne an t-achomharcóir, d’aois 49 bliain, éileamh ar Liúntas Míchumais in 2014. Agus an phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú ar an bhfoirm éilimh, rinne a L.G. measúnú ar an achomharcóir agus deimhníodh go raibh tionchar measartha á imirt air in ocht gcinn de na feidhmeanna a luaitear agus go raibh tionchar beag á imirt i gceann amháin eile.  Luaigh sé go raibh timpiste ag an achomharcóir roinnt blianta roimhe sin, go raibh sé thíos le titim diosca, agus go raibh sé thíos le dúlagar ar feadh trí bliana.  Chuir sé in iúl nár atreoraíodh go dtíspeisialtóir é, agus nár ordaíodh cógas dó.
Chomhlánaigh an t-achomharcóir Foirm MR 99, ceistneoir ar mhaithe le measúnú pearsanta a dhéanamh ar thionchar an ghortaithe nó an ghalair. Agus amhlaidh á dhéanamh aige, luaigh sé go gortaíodh a dhroim fad a bhí sé ag obair mar ghlantóir; gur imríodh tionchar ar a shláinte fhisiciúil agus mheabhrach; nach féidir leis idirghníomhú le daoine eile; go mbíonn sé thíos le suaitheadh codlata agus le tuirse; nach féidir leis rudaí a ardú; go mbíonn sé ag streachailt leis an staighre a dhreapadh; nach féidir leis seirbhisí taistil poiblí a úsáid, agus nach féidir leis cur suas le sluaite. Luaigh sé fadhbanna le deaslámhacht, cumarsáid agus tabhairt faoi cúrsaí chaitheamh aimsire.

**Éisteacht ó bhéal:** D'fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht ina aonar. Luaigh sé nach raibh sé in ann dul ag obair mar gheall ar dhúlagar agus piantaí iochtar-dhroma. Dúirt sé gur thosaigh an pian droma 18 mí ó shin nuair a tharraing sé a dhroim fad a bhí rud éigin á ardú aige. Thug sé cuairt ar a L.G. a d'ordaigh faoiseamh péine dó. Dúirt sé gur cuireadh in iúl dó go raibh diosca sciorrtha air agus atreoraíodh é le haghaidh scanadh MRI. Cuireadh in iúl dó i ndiaidh an scanta nach diosca sciorrtha a bhí air ach bhíothas ag feitheamh go fóill le hatreorú le haghaidh tuairim speisialtóra.

Dúirt an t-achomharcóir go measann sé nár scrúdaigh a L.G. a dhroim nó a stair leighis go hiomlán agus nach ndéanann sé ach *Paracetamol* a mholadh do phian droma. Lean sé ar aghaidh lena rá go raibh sé ar intinn aige L.G. a athrú. Thug sé le fios go leanann srian a bheith air maidir le seasamh, agus nach féidir leis seasamh fada go leor ag an doirteal nó ag an gcócaireán chun béile a réiteach, nó seasamh i scuaine ar feadh breis agus 30 soicind. Thagair sé do phian ag gabháil go mear aníos ina dhroim agus dúirt sé go dteastaíonn uaidh go gcabhraíonn a pháirtí leis eirí as an leaba agus, nuair a théann siad ag siopadóireacht, go n-iompraíonn sí na málaí siopadóireachta mar gheall nach féidir leis féin aon mheáchan a iompar.

Dúirt sé go gcuirtear isteach go mór ar a chodladh agus gur gá dó luí ar an urlár ar dhá nó at thrí oíche sa tseachtain.

Dúirt an t-achomharcóir gur ordaíodh frithdhúlagráin dó ach nárbh fhéidir leis íoc astu. Dúirt sé go gcaitheann sé a chuid ama ag a ríomhaire nó ina sheomra féin, fiú nuair a thugann daoine cuairt air. Dúirt sé nach mbraitheann sé ar fónamh agus go seachnaíonn sé casadh le daoine eile, agus go dtuigeann a pháirtí go bhfuil fadhbanna air.

**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur tháinig an t-achomharcóir i láthair ag an éisteacht ó bhéal agus é ar a shuaimhneas agus gur thug sé cuntas ar a chuid fianaise go soiléir agus gan comhartha ar bith go raibh agús ar bith air. Measadh go ndearna sé cumarsáid mhaith agus nár léirigh sé aon chomhartha guaise. Tugadh aird ar an chur síos a rinne sé ar na srianta a bhíonn air mar gheall ar phian droma agus dúlagar. Tugadh faoi deara, chomh maith, an fhianaise leighis a bhain le stair agus cóireáil na riochtaí siúd agus measadh nár shoiléir go raibh an t-achomharcóir thíos an oiread sin agus go raibh srian substainteach air ó gach saigheas oibre a d'oirfeadh do dhuine ar chomhaois agus ar chomhthaithí leis.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:**
Dícheadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna a bhí leis an gCinneadh:**
Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó thaobh a aois, taithí agus cáilíochtaí agus gur dócha go

leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad.
Tháinig an t-achomharcóir i láthair ag an éisteacht ó bhéal agus é ar a shuaimhneas agus thug sé cuntas ar a fhianaise go soiléir agus gan aon chomhartha go raibh agús air ná go raibh sé neirbhíseach; rinne sé cumarsáid mhaith agus níor léirigh sé go raibh aon anacair air. Déanann sé cur síos ar na srianta a bhíonn air mar gheall ar phian droma agus dúlagar. Thug mé aird ar an bhfianaise leighis maidir le stair agus cóireáil na riochtaí seo agus ní léir dom go n-imrítear an oiread sin de thionchar air go bhfuil srian substainteach air ón ionas nach bhféadfadh sé tabhairt faoi gach saigheas oibre a d'oirfeadh do dhuine ar chomhaois agus ar chomhthaithí leis. Ar an drochuair, ar an ábhar sin, dícheadaítear a achomharc.

## 2014/20
## Míchumas Sonraithe: Diostóine

**Cúlra:** Rinne an t-achomharcóir, d'aois 50 bliain, iarratas ar Liúntas Míchumais agus chuir sí tuairisc leighis ar fail inar luadh a diagnóis agus inar tugadh le fios go meastar go leanfaidh seo go deo. Chomhlánaigh a L.G. a próifíl chumais/mhíchumais ina rinne sé measúnú uirthi agus inar deimhníodh go raibh tionchar mór á imirt uirthi maidir le cothromaíocht, agus measadh gur ag an ghnáthchaighdeán a bhí gach ceann dá cumais feidhmeacha eile. I dtaobh cumais fhisiciúla, measadh go raibh ceithre cinn acu ar ghnáthleibhéil, agus go raibh ceann amháin faoi thionchar bheag, go raibh dhá chumas acu faoi thionchar mheasartha agus go raibh ardú/iompar faoi thionchar mhór.

**Éisteacht ó bhéal:** D'fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht ina haonar. Chuir sí in iúl go raibh íocaíocht ioncaim bhunúsaigh á fáil aici faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach. Labhair sé ar luath-thosú an Diostóine nuair a bhí sí thart ar 30 bliain d'aois. Dúirt sí gur oibrigh sí i monarcha agus i siopa roimhe sin, agus gur thug sí aire dá máthair nuair a tháinig breoiteacht uirthi-sean. Ina dhiaidh sin, d'éiligh sé a Liúntas Cuardaitheora Poist agus ghlac sí páirt i scéim Fostaíochta Pobail. Thug sí le fios nach ndearna sí ach dualgaisí an-éadroma mar chuid den scéim. Luaigh an t-achomharcóir gur fhreastail sí ar Néareolaí Comhairleach nuair a tháinig an riocht uirthi i dtosach agus dúradh léi gurb ionann Diostóine agus galar Parkinson, sa mhéid nach bhfuil aon leigheas orthu araon agus gur dócha gur cúrsaí géiniteacha is cúis léi. Thug sí le fios gur tháinig leathadh ar an riocht go dtí n-a guaillí agus nárbh fhéidir léi a géag láimhe dheas a ardú os cionn a cinn. D'fhreastail sí ar Mháinlia Ortaipéideach ní ba luaithe sa mbliain agus tá sí ar liosta feithimh le haghaidh insealltaí stéaróideacha. Lean sí ar aghaidh lena rá gur fhreastail sí ar chóir fisiteiripe agus shnáthaidphollta i gcaitheamh na mbliana, agus gur ordaíodh faoiseamh péine agus frithdhúlagráin di. Thug an t-achomharcóir le fios go raibh soghluaisteacht shrianta agus solúbthacht theoranta aici agus go raibh crith ar a mhuineál. Dúirt sí freisin gur imir an riocht

sláinte droch-thionchar ar a meabhair-shláinte

**Ráiteas/Tuairim/:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go mb'ionann láithreacht fhisiciúil an achomharcóra ag an éisteacht ó bhéal agus na siomptóim agus na srianta a ndearna sí cur síos orthu. Thug sé faoi deara an fhianaise leighis a soláthraíodh agus tuairim a L.G. gur bhain ceisteanna sláinte agus sábháilteachta le fostaíocht nó oiliúint sa chás seo. Cheap sé go mbeadh an t-achomharcóir thíos le deacrachtaí móra ag dul i ngleic le dúshláin laethúla an ghnáth-ionaid oibre agus gur cheart go n-éireodh leis an achomharc.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:**
Ceadaítear an t-achomharc.

## 2014/21
## **Míchumas Sonraithe:** Pian Íochtar-Droma, Caillteanas Éisteachta, Ceisteanna Fuail

**Cúlra:** Deineadh cinneadh nár shásaigh an t-achomharcóir, náisiúnach an AE ar aois 54 bliain, Coinníoll an Ghnáthchónaithe ná an coinníoll cáilitheach maidir le srian substainteach a bheith ar dhuine chun tabhairt faoi fhostaíocht. Ina dhiaidh sin, rinne sé éileamh ar thacaíocht ioncaim bhunúsaigh faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach agus measadh nach raibh gnáthchónaí air sa Stát. Rinne sé achomharc ar na trí chinneadh go léir agus déileáladh leis an achomharc ar Liúntas Leasa Forlíontach ar dtús. (Tugtar tús áite do na hachomhairc seo mar gheall go bhfuil thacaíocht ioncaim bhunúsaigh I gceist.) D'éirigh leis an achomharc sin. Dá réir sin, glacadh leis go raibh gnáthchónaí air sa Stát ar mhaithe lena éilimh ar Liúntas Míchumais freisin agus nach raibh deimhniú mar sin ach an cheist maidir lena chumas fostaíochta.

**Éisteacht ó bhéal:** Tháinig iníon an achomharcóra in éineacht leis, agus ghníomhaigh sí mar ateangaire i gcaitheamh na héisteachta. Chuir sé in iúl gur fhreastail sé ar ranganna Béarla thart ar thrí bliana ó shin ach dúirt sí gur oibrigh sé le daoine eile a labhair an teanga chéanna a labhair sé féin, agus go ndearna sé siopadóireacht in áiteanna ina labhraítear an teanga sin, agus go raibh droch-Bhéarla aige go fóill dá bharr sin. Dúirt sé go bhfuil a bhean chéile fós ina cónaí i [dtír an AE] agus go ndéanann siad cumarsáid lena céile trí Skype agus trí chomhráití ar an nguthán. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur shiúil an t-achomharcóir le cúnamh ó mhaide croise agus gur chaith sé áiseanna éisteachta.

Dúirt an t-achomharcóir go raibh cónaí air i dteach príobháideach ar chíos lena iníon agus lena pháirtí. Chuir sé in iúl go ndearna siad costas an chíosa a roinnt eatarthu agus go raibh Liúntas Leasa Forlíontach (Forlíontach Cíosa) á fháil aige i dtreo a choda féin den chíos ó 2010 i leith. Dúirt sé go raibh sé thíos le pian droma le deich mbliana anuas ach gur éirigh an

phian ní ba mheasa le dhá bhliain anuas. Gortaíodh é fad a sheas sé amach ó ghluaisteán i [dtír an AE] deich mbliana ó shin. Rinne sé cur síos ar conas a chuala sé 'cliceáil' agus go raibh sé thíos le pian láithreach bonn. Tugadh instealladh néarfhréimhe dó ag an am agus thug sé seo faoiseamh péine dó ar feadh thart ar dhá bhliain. Bhí sé thíos le pian agus míchompord ina dhiaidh seo fad a bhí sé ag obair mar mheicneoir ach dúirt sé go raibh sé in ann cur suas leis an bpian agus go raibh sé in ann obair agus an phian air. Thug sé le fios nach raibh sé chomh gníomhach céanna tar éis dó a fhostaíocht mar oibrí ginearálta a chailleadh go luath i 2010 agus gur imigh a riocht droma I n-olcas. D'fhreastail sé ar sheisiúin fisiteiripe i 2013 agus théadh sé ag snámh ach dúirt sé nach raibh aon chlár aclaíochta á dhéanamh aige faoi láthair.

Thagair an t-achomharcóir don Mháinlia Ortaipéideach a raibh sé ag freastal air agus sholáthair sé sonraí ar a choinne dheiridh mar othar seachtrach. Cuireadh in iúl dó gur theastaigh scanadh eile Íomháithe Athshondais Mhaighnéadaigh (MRI) uaidh. Nuair a rinneadh scrúdú ar thorthaí an scanta, moladh instealladh blocáilte néaróige a thabhairt dó. Ag tráth na héisteachta ó bhéal, bhí coinne faighte aige don ghnáthamh seo. Thug sé le fios go bhfuil deacracht aige suí in aon suíomh ar feadh tamaill fhada agus go gcuirtear isteach ar a chodladh. Anuas ar a phian íochtar dhroma agus a phian choise, thug sé le fios go bhfuil sé thíos le fadhbanna le déanaí le minicíocht fuail agus neamhchoinneálacht fuail agus gur atreoraíodh é chuig an Roinn Úireolaíocht ag a ospidéal áitiúil. Sholáthair sé sonraí ar an gcógas a h-ordaíodh dó.

**Ráiteas/Tuairim:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur thug an fhianaise leighis le tuiscint go raibh tionchar á imirt ar riocht sláinte an achomharcóra ó 2010 i leith agus gur mheas a L.G. go mairfeadh seo gan deireadh. Thug sé faoi deara, chomh maith go atreoraíodh é chuig na Rannóga Úireolaíochta agus Ortaipéideacha ag a ospidéal áitiúil agus chuig Clinic Seirbhís Éisteachta FSS maidir le riochtaí eile a tháinig chun solais. Mheas sé gur dheimhnigh an gá a bhí aige le hinstealladh blocáilte néaróige go raibh an t-achomharcóir thíos le pian shuntasach in íochtar a dhroma, agus thug sé aird chomh maith ar réimse an chógais leighis a bhí á ghlacadh aige. Bhí sé sásta gur deimhníodh gur lean srian substainteach ar an achomharcóir chun tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach ar feadh tréimhse os cionn dhá mhí dhéag.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:**
Ceadaítear an t-achomharc.
**Cúiseanna a bhí leis an gCinneadh:**
Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí agus nach mór gur lean nó go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad.

Táim sásta, tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise uile a bhí ar fáil, lena n-áirítear í sin a tugadh ag an éisteacht ó bhéal, gur dheimhnigh an t-achomharcóir go bhfuil srian substainteach air faoi láthair tabhairt faoi fhostaíocht, agus gur lean an srian seo ar feadh breis agus dhá mhí dhéag. Sna cúinsí, éiríonn leis an achomharc.

**2014/22**
**Míchumas Sonraithe:** Heirne bhléineach, Pamparnach agus Pian Gualainne

**Cúlra:** Tá an t-achomharcóir, 56 bliain d'aois, pósta agus tá leanaí aige. Tháinig sé chun cónaí in Éirinn in 2001 agus bhí sé ag obair i monarcha feola go dtí 2012, áit ar tháinig Heirne Bhléineach air. Agus an phróifíl chumais/mhíchumais á comhlánú aige, rinne a L.G. measúnú ar an achomharcóir agus deimhníodh go raibh tionchar measartha á imirt air sna feidhmeanna a bhain lena riocht sláinte. Diúltaíodh a éileamh ar Liúntas Míchumais agus, ag an tráth a rinne sé a achomharc, bhí íocaíocht ioncaim bhunúsaigh á fháil aige faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontach.
**Éisteacht ó bhéal:** Bhí a iníon ann i dteannta an achomharcóra. Thug sé le fios in 2003, go raibh pian chliabhraigh air fad a bhí sé ag obair. Tógadh chuig an ospidéal é agus rinneadh máinliacht seach-chonaire chroí air. Dúirt sé go raibh sé ar ais ag obair laistigh dhá nó trí mhí mar gheall go raibh a chead oibre (sa Stát) le héag agus go gcaillfeadh sé a phost murar fhill sé ar a phost ag an bpointe sin. Luaigh an t-achomharcóir gur oibrigh sé go dtí 2012 nuair a tháinig Heirne Bhléineach air. Dúirt sé gur tharla seo i ndiaidh angagram nuair a cuireadh snáthaid san áit mhícheart. Tá sé ag freastal ar Chomhairleach Máinliachta agus tá sé le casadh leis arís chun plé a dhéanamh ar na féidireachtaí cóireála. Faoi láthair, tá aire coimeádach a thabhairt ag feachaint d'a fhadhbanna chroí agus an chaoi gur dócha go bhfillfeadh an phian fiú má dhéantar máinliacht air.
Dúirt an t-achomharcóir go dtagann pian air má ardaíonn sé aon rud agus go mbíonn a chliabhrach an-phianmhar ar maidin. Chuir sé in iúl go mbíonn pian chliabhraigh air i ndiaidh gníomhaíochta, agus go n-éiríonn an matán ina chroí tuirseach. Dúirt sé go dtéann sé ag siúl gach lá agus go dtógann sé scíth ina dhiaidh sin. Thagair sé do ghualainn reoite a tháinig air thart ar bhliain ó shin agus don chóir fhisiteiripe ar fhreastail sé uirthi. Anuas air sin, luaigh sé frithfhreagairt ailléirgeach, a raibh tochas air mar thoradh uirthi agus dúirt sé gur cuireadh in iúl dó gur gá scrúdú a dhéanamh air seo.
Mar fhocal scoir dúirt an t-achomharcóir gur féidir leis turais ghearra a thiomáint agus go bhféachann sé ar an teilifís. Cuireadh in iúl dó go raibh a phost ann go fóill dó dá mbéadh sé in ann filleadh air.
**Ráiteas/Tuairim:** Mheas an tOifigeach Achomhairc gur chás imeallach é seo. Thug sé faoi deara go ndearna a L.G.

measúnú ar an achomharcóir agus gur deimhníodh go raibh tionchar measartha á imirt ar réimse feidhmeanna a bhain lena dhiagnóis agus go raibh a phost oibre ann go fóill dó. Thug sé faoi deara nach raibh aon fhíor-fhianaise ann i leith fadhbanna chroí a d'fhéadfadh srian a chur air staonadh ó gach saghas oibre oiriúnach. Thug sé faoi deara, áfach, gurbh obair de chineál fisiciúil a bhí sa chineál oibre a rinne an t-achomharcóir i gcónaí cheana féin agus go raibh stair mhaith oibre aige ó tháinig sé go hÉirinn, mar aon leis an gcaoi gur fhill sé ar an obair laistigh de dhá nó trí mhí tar éis go ndearnadh máinliacht seach-chonaire chroí air. Agus aird ar dháta a éilimh, mheas an tOifigeach Achomhairc nach mbeadh an t-achomharcóir in ann filleadh ar an obair laistigh de thréimhse bliana agus bhí sé faoin tuairim go gcuirfeadh a dheacrachtaí reatha heirné srian substainteach air tabhairt faoi aon saghas d'fhostaíocht oiriúnach. Dá réir sin, cheadaigh sé an t-achomharc.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:**
Ceadaítear an t-achomharc.

## 2014/23
## **Míchumas Sonraithe:** Oisté-Airtríteas (an Ghlúin)

**Cúlra:** Bhí Sochar Breoiteachta á fháil ag an achomharcóir, d'aois 56 bliain. Nuair a bhí deireadh le cur lena teidlíocht faoin scéim sin (tar éis dhá bhliain), rinne sí éileamh ar Liúntas Míchumais. Fuair sí diagnóis Oisté-Airtrítis ina glúin agus deineadh máinliacht uirthi roinnt míonna roimhe sin. Ag tráth na héisteachta ó bhéal, bhí cúram á thabhairt aici dá máthair agus bhí Liúntas Cúramóra á fháil aici.

**Éisteacht ó bhéal:** D'fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht ina haonar. Léadh an cinneadh foirmiúil agus soiléiríodh an cheist a bhí faoi chaibidil. Cuireadh in iúl don achomharcóir an fhianaise faoina deineadh a héileamh a dhícheadú.

Thug an t-achomharcóir le fios go bhfuil trí bliana imithe thart ó bhí sí fostaithe agus gur eirigh sí as obair mar gheall go raibh uirthi seasamh agus nach raibh sí in ann leanúint leis mar gheall ar an bpian. Dheimhnigh sí go ndearnadh máinliacht glúine uirthi i 2013, agus gur fhreastail sí ar a hospidéal áitiúil ina dhiaidh sin mar othar lae. D'áitigh sí go raibh a glúin níos measa anois ná mar a bhí sí sular deineadh an máinliacht. Thug sí le fios go raibh sí in ann tiomáint agus go n-éiríonn a glúin pianmhar; nach féidir léi siúl ró-fhada; go mbíodh sí ag damhsa ach nach féidir léi seo a dhéanamh a thuilleadh, agus gur deacair di aclaíocht a dhéanamh mar gheall go mbraitheann sí gur meáchán-lasta atá ina cos.

Luaigh an t-achomharcóir nach féidir léi suí lena cos dírithe aici agus nach féidir léi seasamh ar feadh scaithimh ró-fhada. Chomh maith leis sin, is deacair di cromadh anuas agus lúbadh. Dúirt sí go nglacann sí *Paracetamol* uair sa lá agus go bhfuil sí ag fanacht le cóir fisiteiripe. Labhair sí ar

fhadhbanna codlata mar gheall gur gá di a cos a choimeád lasmuigh de na braillíní. Chuir an t-achomharcóir in iúl gur féidir léi obair tí, siopadóireacht agus cócaráil a dhéanamh agus go leanann sí le cúram a thabhairt dá máthair.

**Tuairim/Conclúid:** Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara, cé gur soiléir go raibh fadhbanna ar an achomharcóir lena glúin dheas, go mba chúramóir í dá máthair agus ba chosúil nach raibh aon deacracht aici an ról seo a chomhlíonadh. Tar éis breithniú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise go léir, an cuntas a sholáthar an t-achomharcóir ag an éisteacht ó bhéal san áireamh, cheap an tOifigeach Achomhairc nár deimhníodh go gcomhlíontar na coinníollacha cáilitheacha don Liúntas Míchumais sa chás seo.

**Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:** Dícheadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó thaobh aois, taithí agus cáilíochtaí agus gur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad. Tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a bhí ar fáil sa gcás seo, agus an fhianaise leighis a bhí ar fáil san áireamh, tá mé sásta nár dheimhnigh an t-achomharcóir go gcomhlíonann sí na coinníollacha cáilíochta. Sna cúinsí, is oth liom nach n-éiríonn leis an achomharc.

## 2014/24
## Míchumas Sonraithe: Steintín Cairdiach, Diosca Lumbach Titithe

**Cúlra:** Tugadh steintín cairdiach don achomharcóir, d'aois 58 bliain, dhá mhí dhéag roimhe seo agus tá Diosca Lumbach Titithe air chomh maith. Maidir lena éileamh ar Liúntas Míchumas, rinne a L.G. an measúnú seo a leanas air:

- Meabhairshláinte/Iompar – faoi thionchar bheag
- Cothromaíocht/Comhordú – faoi thionchar bheag
- Radharc – faoi thionchar beag
- Deaslámhacht – faoi thionchar mheasartha
- Suí/Éirí – faoi thionchar bheag
- Siúl – faoi thionchar bheag
- Éisteacht – faoi thionchar mheasartha
- Síneadh na Lámh – faoi thionchar mheasartha
- Ardú/Iompar Earraí – faoi thionchar mheasartha
- Seasamh – faoi thionchar mheasartha
- Staighre/Dréimirí a Dhreapadh – faoi thionchar mheasartha
- Lúbadh/Dul ar na Glúine/Dul ar na Gogaide – faoi thionchar mhór

**Éisteacht ó bhéal:** Tháinig an t-achomharcóir i láthair leis féin agus shoiléirigh an tOifigeach Achomhairc an cheist a bhí faoi chaibidil agus chuir sé in iúl dó an fhaisnéis ar chomhad faoinar deineadh an cinneadh ina chás. Thug an t-achomharcóir le fios, anuas ar a dhiagnóis deimhnithe, go mbíonn sé thíos le plúchadh agus go bhfuil seo air ó bhí sé 15/16 bliana d'aois. Thagair sé d'fhadhbanna breise maidir leis an radharc ina ina súil dheas agus do chaillteanas éisteachta ina chluas

dheas.  Dúirt sé gur ghortaigh sé a dhroim thart ar cheithre bliana ó shin nuair a bhí málaí stroighne á n-ardú aige agus ó shin i leith, nárbh fhéidir leis oibriú mar shiúinéir i ngnó an teaghlaigh.  Mar thoradh air sin, dúnadh an gnólacht sin agus díoladh an trealamh.

Lean an t-achomharcóir ar aghaidh lena rá, gur bhfuair sé steintín tar éis taoim chroí.  Thagair sé dá aois agus dúirt sé gur fios dó nach féidir leis filleadh ar an obair ina bhfuil sé oilte a bhfuil taithí aige uirthi.  Dúirt sé go nglacann sé cógas leighis chun an phian atá ar a dhroim a mhaolú agus go bhfuil cógas croí agus análóirí dá phlúchadh á nglacadh aige.   Thug sé le fios gur bhain sé triail as snáthaidpholladh chun faoiseamh a thabhairt don phian atá ar a dhroim.  Dúirt sé go mbíonn a phian eadrannach ach, mar gheall ar a riocht sláinte, go dtagann mothúchán de 'bhioráin agus snáthaidí' air ina chos agus go mbíonn sé thíos le righneas leanúnach.  Thug sé le fios go dtéann sé ag siúl ar luas tomhaiste chun roinnt faoisimh a fháil agus ar mhaithe lena chroí.  Dúirt sé go mbíonn deacracht mhór aige ag lúbadh agus ag cromadh anuas agus gur gá dó lúbadh ón nglúin, agus go dteastaíonn tacaíocht uaidh chun seasamh suas go díreach.  Tá sé in ann tiomáint ach bíonn deacrachtaí aige suí isteach sa ngluaisteán agus eirí as.

Dheimhnigh an t-achomharcóir go leanann sé ag freastal ar Chairdeolaí Comhairleach gach trí nó ceithre mhí agus go mbíonn coinní rialta aige le Néaramháinlia Comhairleach maidir lena dhroim.  Dúirt sé gur phléigh sé a riocht sláinte lena L.G. ach gur cuireadh in iúl dó nach dtiocfaidh aon fheabhas air.

**Ráiteas/Tuairim:** Cheap an Oifigeach Achomhairc go raibh srian substainteach ar an achomharcóir tabhairt faoi fhostaíocht oiriúnach ar aon dul leis an reachtaíocht ábhartha.  Ag teacht ar an tuairim sin dí, thug sí faoi deara a iompar ag an éisteacht ó bhéal.  Chonaic sí go raibh deacracht aige suí agus éirí aníos, go raibh easpa anála air agus go raibh sé ag bráth ar a análóir scaití, agus go raibh a chaillteanas éisteachta le tabhairt faoi deara amanna.  Thug sí faoi deara, freisin, cineál agus fad a fhostaíochta deireanaí agus bhí sí sásta go raibh srian substainteach air mar gheall ar a aois, scileanna, taithí agus éagumas faoi mar a leagtar síos sa reachtaíocht rialála.

**Cinneadh an OifigighAchomhairc:** Ceadaítear an t-achomharc.

**Cúiseanna leis an gCinneadh:** Féadtar Liúntas Míchumais a íoc nuair atá srian substainteach ar dhuine tabhairt faoi obair a bheadh oiriúnach ó taobh aois, taithí agus cáilíochtaí agus gur lean nó gur dócha go leanfaidh an míchumas sonraithe ar feadh bliain amháin ar a laghad.  Tar éis breithniú cúramach a dhéanamh ar an bhfianaise go léir sa gcás seo, an fhianaise sin a fuarthas ag an éisteacht ó bhéal, agus an fhianaise leighis atá ar fáil san áireamh, tá mé sásta gur dheimhnigh an t-achomharcóir go gcomhlíonann sé na coinníollacha cáiliochta. Sna cúinsí, ceadaítear an t-achomharc.

## Aguisín 1

# Cairt Eagraíochta Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh

**Geraldine Gleeson**
**Stiúrthóir agus Príomhoifigeach Achomhairc**

**Rúnaíocht**

**Cathy Barron**
**Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc**

**Don Devaney**
**Bainisteoir Oifige**

**OIFIGIGH ACHOMHAIRC**

Helen Bannon
Seamas Bradley
John Carey
Fiona Casey
Sheila Collins
Donal Conlon
John Considine
John Deegan
Michael Duffy
Tony Fennessy
Marion Foley
Mairéad Gaffney
Marie Gallagher
Bridget Goulding
Jennifer Graham
Helen Hayes
Maggie Jardine
Seamus Keena
John Kelly
Marie Kennedy
Tina Kennedy
Michael Lennon
Siobhán Logan
Tom McArdle
Colm Mc Dermott
Brendan McKeever
Anne Moloney
Rory Murphy
Nick Nolan
Denis O'Brien
Michael O'Brien
Seán Ó Gacháin
Brendan O'Leary
John Patton
Ger Power
Aidan Reddy
James Sadlier
Michael Smith
James Squires

**Bernadette Carty**
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Próiseáil Achomhairc
Clárúchán agus Staitisticí Rialaithe
Cothabháil agus Forbairt an Chórais Ríomhaire

**Bernie Mc Cormick**
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Seirbhísí Corparáideacha
Tacú le hOifigigh Achomhairc
Cóiríocht
Sláinte agus Sábháilteacht
Suíomh Idirlín

**Mark O'Connor**
Ardoifigeach Feidhmiúcháinz
Próiseáil Achomhairc
Sceidil & Pleanáil
Cinntí Achomhairc
Tacú le hOifigigh Achomhairc